


# Tuarascáil Bhliantúil

Bliain Acadúil 2010/2011

UNIVERSITY *of* LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Ollscoil Luimnigh, Luimneach, Éire
Guthán: +353-61-202700

Facs: +353-61-330316

Láithreán Gréasáin: www.ul.ie

Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011.

Tá sí ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh (OL).

UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

# Tuarascáil Bhliantúil
## Bliain Acadúil 2010/2011

# Clár


**Clár** ... **3**
**RÁITEAS AN TSEANSAILÉARA** ... **4**
**RÁITEAS AN UACHTARÁIN** ... **5**
**AN TÚDARÁS RIALAITHE** ... **6**
*Oifig an Rúnaí Chorparáidigh* ... *7*
**ACADÚIL** ... **9**
*Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta* ... *14*
*Dámh Chruinne Éireann Rince Agus Ceol* ... *17*
*Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte* ... *18*
*Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta* ... *21*
*Scoil Ghnó Kemmy* ... *27*
*An tIonad Teagaisc agus Foghlama* ... *30*
*Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha* ... *34*
*Oideachas Idirnáisiúnta* ... *35*
*An Buanoideachas agus For-Rochtain* ... *36*
*Caighdeán* ... *38*
**AIRGEADAS** ... **39**
**TAIGHDE** ... **43**
**SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA** ... **46**
*Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn* ... *46*
*Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise* ... *48*
*Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise* ... *49*
*Acmhainní Daonna* ... *52*
**AN SAOL AR AN GCAMPAS** ... **54**
*An Bailiúchán Amharcealaíon* ... *54*
*Seirbhísí Beatha Campais* ... *54*
*Spórt agus Áineas* ... *56*
**STAIDREAMH I DTAOBH CÉIMITHE, 2010** ... **57**
**FONDÚIREACHT OLLSCOIL LUIMNIGH** ... **59**
**FORBAIRT AN CHAMPAIS** ... **62**

# RÁITEAS AN tSEANSAILÉARA

Is é seo an ceathrú Ráiteas uaim i dTuarascálacha Bliantúla Ollscoil Luimnigh ó chuir mé tús le mo théarma oifige mar Sheansailéir i mí Eanáir 2008. Le linn 2010/11, bhí tionchar arís ag cúlú leanúnach an gheilleagair ar Ollscoil Luimnigh, agus b'éigean don Údarás Rialaithe straitéis dhúshlánach bhuiséadach a fhaomhadh chun buiséad comhardaithe a bhaint amach don tríú bliain as a chéile. Leanann an tUachtarán, an tOllamh Don Barry, agus a fhoireann ar aghaidh ag cur taithí oideachais den chéad scoth ar fáil d'ainneoin na ndeacrachtaí airgeadais seo.

Tá sé tábhachtach a bheith dearfach le linn na tréimhse dúshlánaí seo agus ar cheann de bhuaicphointí na bliana bhí seoladh "*Ceannródaíocht agus i dTeagmháil - Plean Straitéiseach 2011-2015*". Cuireann an plean roimhe bealaí nua teagaisc agus foghlama a chruthú do mhic léinn chomh maith le nuálaíochtaí a lorg sa taighde a mheallfaidh acmhainní agus a chuirfidh forbairt eacnamaíoch, oideachais agus shóisialta Réigiún Shionainne agus na tíre chun cinn. Bhí tacaíocht agus fáilte mhór ag an Údarás Rialaithe roimh "*Ceannródaíocht agus i dTeagmháil*" agus ghlac Pobal na hOllscoile leis go dúthrachtach agus is plean 'beo' atá ann.

Tá dul chun cinn á dhéanamh go leanúnach trí Chomhfhiontar Straitéiseach OL/OÉG agus comhphleanáil agus comhfhorbairt acadúil ar chláir ag cur le héagsúlacht agus le caighdeán na gclár atá ar fáil dár gcuid mac léinn.

Osclaíodh Scoil Ghnó Kemmy go hoifigiúil i dtreo dheireadh 2010 agus i dtús 2011 fuarthas dearbhú ar mhaoiniú caipitil stáit €6m chun Foirgneamh álainn Dhámh Chruinne Éireann a thógáil. Tá an dá áis seo thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt leanúnach na hOllscoile.

Tá fás ag teacht ar cháil Ollscoil Luimnigh mar Champas Spóirt na hÉireann agus rath ar rogha an-leathan spóirt agus forbairt ar áiseanna nua spóirt ar an gCampas ó Thuaidh a osclaíodh in 2011, áit a bhfuil ceithre pháirc uile-aimseartha, soilsithe den scoth. Tháinig a Naofacht, Dalaí Láma XIV, ceannaire sprioradálta na Tibéide chun cuairte ar Airéine na hOllscoile i mí Aibreán 2011.

I mí an Mheithimh bronnadh céim den chéad uair ar mhic léinn na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime. Is curaclam thar a bheith nuálach atá anseo a bhfuil sé mar aidhm leis oiliúint a chur ar dhochtúirí atá breá oilte freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais atá ag teacht chun cinn i sochaí na hÉireann, agus déanaim comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach san fhorbairt iontach seo.

Leanann Ollscoil Luimnigh ar aghaidh ag cur céimithe ar ardchaighdeán ar fáil, a mbíonn tóir orthu i saol an ghnó agus na tionsclaíochta. Bíonn taifead na hOllscoile d'fhostaíocht céimithe i gcónaí idir 8% - 12% níos airde ná an meán náisiúnta, agus is láidreacht í seo a gcuireann an Ollscoil béim uirthi agus a fhorbraíonn sí go leanúnach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann comhaltaí an Údaráis Rialaithe le linn na bliana agus ba mhaith liom an deis a thapú aitheantas a thabhairt d'obair an Uachtaráin, an tOllamh Don Barry.

Táim ag súil le leanúint le mo ról mar Sheansailéir agus táim sásta go leanfaidh Ollscoil Luimnigh ag fás agus ag forbairt d'ainneoin na gcúinsí deacra reatha.

Peter Malone
An Seansailéir

# RÁITEAS AN UACHTARÁIN

Is pribhléid agus onóir dom é Tuarascáil Bhliantúil Ollscoil Luimnigh don bhliain acadúil 2010-11, a dhéanann cur síos ar na héachtaí atá bainte amach againn, a chur i láthair.  Sa bhliain faoi athbhreithniú tharla réimse leathan imeachtaí speisialta agus éachtaí aonair, agus tá cur síos ar chuid díobh sa tuarascáil seo.  Déanfaidh mé achoimre simplí air a rá go gcreidimid anseo in Ollscoil Luimnigh go bhfuil údar bróid againn agus táimid buíoch as comhiarracht "theaghlach OL", gan iad ní bheadh an oiread dul chun cinn déanta againn.

Agus muid ag trácht ar fhorbairtí a rinneadh le bliain anuas agus muid ag súil go dóchasach leis na blianta amach romhainn, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a chuir le hobair na hOllscoile le dhá mhí dhéag anuas agus a chabhraigh linn bonn a leagan faoi chur chun cinn na hOllscoile amach anseo.  Guím gach rath ar ár mic léinn ina gcuid staidéir agus ina dhiaidh sin ina ngairmeacha.  Tá súil agam go mbainfidh an Alumni sult as gairmeacha agus beatha atá dúshlánach agus sásúil araon.  Agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh lenár gcomhaltaí foirne as a ndúthracht, obair chrua, cruthaitheacht agus gairmiúlacht leanúnach in ainneoin na timpeallachta dúshlánaí ina bhfuilimid ag iarraidh ár misean a chur i gcrích. Tugaim aitheantas agus fáiltím roimh an gcúnamh ar fad a fhaigheann Ollscoil Luimnigh ó réimse leathan lucht tacaíochta seachtraí atá d'ádh orainn a bheith mar chairde againn.  Agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur ar taifead don Seansailéir, an tUasal Peter Malone agus comhaltaí Údarás Rialaithe Ollscoil Luimnigh as a dtreoir agus a dtacaíocht leanúnach.

Táim cinnte gur féidir linn oibriú le chéile chun na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach ag an institiúid óg, fhuinniúil agus cheannródaíoch seo, agus muid ag iarraidh forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur cinn cinn sa réigiún, sa tír agus sa domhan.  Chuige seo faighim misneach ó chomhiarrachtaí na ngobharnóirí, na foirne, na mac léinn, an alumni agus an lucht leasa sheachtraigh a chabhraigh linn ár bPlean Straitéiseach don tréimhse 2011-2015 - "Ceannródaíocht agus i dTeagmháil" - a chur le chéile. Leagann sé seo amach cúrsa d'Ollscoil Luimnigh a thógfaidh ar an rath atá bainte amach againn roimhe seo agus a chaomhnóidh cáil na hOllscoile mar cheannródaí san ardoideachas.

Bhaineamar amach na héachtaí mar gheall ar ár dtiomantas don institiúid iontach seo.  Is de bharr an tiomantais sin atá Ollscoil Luimnigh speisialta.  Agus is é an tiomantas sin a chinnteoidh ár rath leanúnach agus muid ag coinneáil ár bhfís le teorainneacha an acadaimh a thrasnú ionas gur féidir linn nasc a dhéanamh leis an domhan lasmuigh chun tairbhe na bpobal a ndéanaimid freastal orthu.

Go raibh míle maith agaibh.



An tOllamh Don Barry

An tUachtarán

# AN TÚDARÁS RIALAITHE

**An Seansailéir:** Peter Malone

**Comhaltaí**

**1 Deireadh Fómhair 2010 – 30 Meán Fómhair 2011**

An tOllamh Sean Akins
An tOllamh Don Barry
An Dr Marie Bourke
An Comhairleoir Maria Byrne*
An tUas. Damien Clancy
An tUas. Dan Comerford^
An Dr Peadar Cremin~
An tUas. Derek Daly^^
Breda Deedigan, Uas.
An Dr Eoin Devereux
An tUas. Ruan Dillon-McLoughlin^^^
Kay Doyle, Uas.
An tOllamh Jane Edwards
An tUas. John Fox
An tOllamh Tom Garavan
Anne Gleeson, Uas.
An Dr John Hillery
An tUas Michael Houlihan
An tUas Tadhg B Kearney
An tOllamh Peadar Kirby
An Dr J J Leahy
An tUas. Fiach Mac Conghail~~
An tOllamh Paul McCutcheon
Annette McElligott, Uas.
An Dr Seán McGrath
An tUas. Joe O'Connell
An tUas. Bobby O'Connor
An tUas. Fachtna O'Driscoll
An Dr Máirtín Ó Droma ~~~
Jackie O'Shaughnessy, Uas.
An tUas. Pat Rockett
An Comhairleoir Michael Sheehan**
Liz Stac, Uas.

** I mí an Mheithimh 2011, tháinig an Comhairleoir Mary Harty i gcomharbas air
^ I mí an Mheithimh 2011, tháinig Sarah Jane Hennelly i gcomharbas air
^^ I mí an Mheithimh 2011, tháinig Tara Feeney i gcomharbas air
^^^ I mí an Mheithimh 2011 tháinig Derek Daly (Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn, Ollscoil Luimnigh roimhe seo) i gcomharbas air
~ Ar scor Lúnasa 2011
~~ Ar scor Meitheamh 2011
~~~ Tofa mí na Samhna 2010
~~~

## Oifig an Rúnaí Chorparáidigh

Tuairiscíonn an Rúnaí Corparáideach don Uachtarán agus tá sé/sí freagrach as roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- Rialachas Ollscoile lena n-áirítear freastal ar chruinnithe den Údarás Rialaithe agus gach Coiste Údaráis Rialaithe a bhainistiú;
- Comhlíonadh Acht na nOllscoileanna, 1997, a chinntiú;
- Reachtanna, rialacháin, beartais chorparáideacha agus nósanna imeachta na hOllscoile a fhorbairt, a athbhreithniú agus a dháileadh;
- Comhlíonadh reachtaíochta;
- Gnóthaí dlíthiúla corparáideacha na hOllscoile a bhainistiú;
- Feidhm bainistithe riosca na hOllscoile a bhainistiú;
- Freagracht riaracháin as feidhm iniúchta inmheánaigh na hOllscoile;
- Próisis earcaíochta agus ceapacháin a bhainistiú don Uachtarán, do na Leas-Uachtaráin Acadúla agus do na Déin;
- Rialachas d'eitic taighde a bhainistiú;
- Bailiúchán Amharcealaíon na hOllscoile a bhainistiú;
- Réimse próiseas achomhairc inmheánach a bhainistiú;
- Bainistíocht taifead;
- Forbairt, dul chun cinn agus cur i gcrích tionscadal ar fud na corparáide a bhainistiú.

Cuireann an oifig seirbhís agus treoir rialála ar fáil don Údarás Rialaithe arb é an 1 Nollaig 2007 go dtí an 30 Samhain 2012 a théarma oifige. Áirítear i measc fhreagrachtaí an Údaráis Rialaithe, inter alia, faomhadh reachtanna, bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile agus monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú bhain an tÚdarás Rialaithe na nithe seo a leanas amach:

- "*Ceannródaíocht agus i dTeagmháil – Plean Straitéiseach 2011-2015*" a fhaomhadh;
- Ceapachán an Dr Mary Shire mar Leas-Uachtarán, Taighde a fhaomhadh;
- Ceapachán an Ollaimh Tom Lodge mar Dhéan, Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus athcheapachán an Ollaimh Mary O'Sullivan mar Dhéan, Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte agus an Ollaimh Kieran Hodnett mar Dhéan na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta don dara tréimhse a fhaomhadh;
- Tuarascálacha iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh;
- "Rialacháin a rialaíonn Ballraíocht na Comhairle Acadúla faoi Reacht 6 Ollscoil Luimnigh" a fhaomhadh;
- Beartas Rochtana agus Rannpháirtíochta níos leithne a fhaomhadh;
- Ráiteas Rialachais Ollscoil Luimnigh don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2010 a fhaomhadh;
- Straitéis bhuiséid na hOllscoile don Bhliain Acadúil 2011/2012 a fhaomhadh;
- Próiseas Faofa Beartas Ollscoil Luimnigh a fhaomhadh;
- Na beartais seo a leanas a bhaineann le hAcmhainní Daonna a fhaomhadh:
    - Fleisc-am - Scéim Phíolótach
    - Beartas Promhaidh
    - Bainistíocht Conartha: Poist Taighde
    - Cód Iompair d'Fhostaithe
    - Scéim Coinneála do Chomhaltaí Foirne Acadúla
    - Beartas Aistrithe Fostaithe
    - Beartas Rothlaithe Post

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás Rialaithe:

- "A Guide to the Quality Review Process for Academic Departments" a fhaomhadh;
- "Process for Development of New Building Projects" a fhaomhadh;
- Ceapacháin foirne a fhaomhadh;
- Breithniú ar leibhéil na mac léinn fochéime ar glacadh leo don Bhliain Acadúil 2010/11 agus ar iarratais CAO don Bhliain Acadúil 2011/12;
- Faomhadh ar an dearadh coincheapa agus ar an bplean maoinithe d'athchóiriú an Láraonaid - an Foirgneamh Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt (PESS);
- Faomhadh ar phlean maoinithe don tSaoráid Oideachais agus Taighde Chliniciúil OL-HSE i dTuar an Daill;
- Foilsiú ceithre thuarascáil athbhreithnithe piaraí ar ardchaighdeán ar láithreán gréasáin na hOllscoile a fhaomhadh.



# ACADÚIL

Is é an Leas-Uachtarán Acadúil agus Cláraitheoir an t-oifigeach acadúil sinsearach agus glacann sé/sí freagracht as gach ní a bhaineann le feidhm acadúil na hOllscoile.

## An Chomhairle Acadúil

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú rinne an Chomhairle Acadúil na cláir seo a leanas a fhaomhadh:

- Scoil Samhraidh Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí;
- Teastas in History of Family and Genealogical Methods;
- Teastas in Lean and Quality Systems;
- Teastas in Oral Heritage Studies (Oíche/Ar líne);
- Teastas in Nurse Prescribing Nurse/Midwife Prescribing;
- Teastas in Science and Engineering;
- Teastas in Technical, Industrial and Employment Skills;
- Dioplóma in Supply Chain Management;
- Sain-Dioplóma in Supply Chain Management;
- Sain-Dioplóma in Technology Commercialisation;
- Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Education, Business Studies and Religious Studies (Coláiste Phádraig, Durlas);
- Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Education, Irish and Religious Studies (Coláiste Phádraig, Durlas);
- Baitsiléir Ealaíon in International Business;
- Baitsiléir Ealaíon in Management Practice;
- Baitsiléir Innealtóireachta in Design and Manufacture;
- Baitsiléir Eolaíochta in Exercise and Health Fitness;
- Teastas Iarchéime in Musculoskeletal Therapy;
- Teastas Iarchéime in Neuro-rehabilitation;
- Teastas Iarchéime in Occupation and Well Being;
- Teastas Iarchéime in Advanced Clinical Practice;
- Teastas Iarchéime in Pain;
- Teastas Iarchéime in Developmental Speech and Language Disorders;
- Máistir Ealaíon in Sociology (Youth, Community and Social Regeneration);
- Máistir Ealaíon in Guidance Counselling;
- Máistir Ealaíon in Psychology;
- Máistir Eolaíochta in Finance and Information Systems (Lánaimseartha);
- Máistir Eolaíochta in Project Management (Lánaimseartha);
- Máistir Eolaíochta in Project and Planning Management (Páirtaimseartha, Cianfhoghlaim);
- Máistir Eolaíochta in Software Engineering and Entrepreneurship;
- Máistir Eolaíochta in Sports Performance;
- Máistir Eolaíochta in Sustainable Resource Management;
- Máistir Cánachais;
- PhD Struchtúrtha in Science and Engineering;
- PhD Struchtúrtha in Philosophy of Art and Culture (OL/OÉG/MIC).

Rinne an Chomhairle Acadúil faomhadh chomh maith ar Straitéis Gradaim Éalaithe do Dhámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte.

## Springboard 2011 (HEA)

I mí na Nollag 2010, d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Oideachais agus Scileanna ciste nua ardoideachais ilbhliantúil ar fiú €20 milliún é. Tá an Ciste, dar teideal Springboard, á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus tá sé ar cheann de na tionscnaimh Stáit atá ag cur deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil chun tacú le daoine dífhostaithe.

Tá an ciste nua, Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair mar a bhíodh air tráth, dírithe ar chabhrú le daoine dífhostaithe fanacht chomh gar agus is féidir leo don mhargadh saothair trí theacht ar dheiseanna ardoideachais agus oiliúna páirtaimseartha agus solúbtha chun cur lena gcuid scileanna nó chun scileanna nua a shealbhú i réimsí ina bhféadfadh deiseanna fostaíochta inbhuanaithe teacht chun cinn nuair a thagann an geilleagar chuige féin arís. Bhí Ollscoil Luimnigh i mbun na haighneachta réigiúnaí a chomhordú thar ceann Chuibhreannas Shionainne agus d'éirigh léi 100 áit (luach iomlán €350,000) a bhaint amach san Ollscoil ar na cláir seo a leanas:

1. Teastas in Science and Engineering (Fochéim NFQ 8 54ECTS) (Ar an gCampas / Cianfhoghlaim) (50 áit bronnta)
2. Sain-Dioplóma – Lean Systems (Iarchéim NFQ 9 36ECTS) (Ar líne / Cianfhoghlaim) (20 áit bronnta)
3. Sain-Dioplóma – Six Sigma (Iarchéim NFQ 9 36ECTS) (Ar líne / Cianfhoghlaim) (20 áit bronnta)
4. Dioplóma in Project Management (NFQ 7 60 ECTS) (Foghlaim Chumaiscthe – 2.5 uair theagmhála sa tseachtain agus am breise ar líne/Cianfhoghlama) (10 n-áit bronnta)

## Plean Straitéiseach

Cuireadh an cháipéis dar teideal *"Ceannródaíocht agus i dTeagmháil - Plean Straitéiseach 2011-2015"* i láthair an Údaráis Rialaithe lena faomhadh agus seoladh í ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2011. Tá teacht ar an gcáipéis anois i bhfoirm foilsithe agus ar líne ag www2.ul.ie/pdf/521283169.pdf.

Aontaíodh an méid seo a leanas i dtéarmaí a chuir i bhfeidhm sna blianta amach romhainn:

- Tá an fhreagracht fhoriomlán ar an gCoiste Feidhmiúcháin.
- Bunaíodh Comhairle Bainistíochta le thart ar 60 comhalta uirthi chun tionscadail tosaíochta straitéisí a fhorbairt go bliantúil ar aon dul le tosaíochtaí an Phlean Straitéisigh.
- In 2010/11, bunaíodh ocht dTascfhórsa faoin gComhairle Bainistíochta san Earrach bunaithe ar phríomhthionscnaimh an Phlean Straitéisigh. Cuireadh tuarascálacha deiridh na dtascfhórsaí i láthair i mí na Bealtaine 2011. Tá Ollscoil Luimnigh le haiseolas a chur ar fáil i mí na Samhna 2011.
- Cuirfidh an tUachtarán tuairiscí rialta ar fáil don Údarás Rialaithe.
- Athbhreithniú foirmiúil ag deireadh 2012.

## An Ciste Nuálaíochta Straitéisí (SIF)

Cuireadh gach tionscadal SIF2 i gcrích faoi Lúnasa 2011 agus cuireadh Tuarascáil Deiridh Chuibhreannas Shionainne "Statement of Outputs & Outcomes" i láthair an Údaráis um Ard-Oideachas i mí Dheireadh Fómhair 2010. Cuireadh pleananna príomhshruthaithe/inbhuanaitheachta do gach tionscadal i láthair sa Tuarascáil Deiridh leis na torthaí seo a leanas:

### Foghlaim Rochtana agus ar feadh an tSaoil

- SIE (athghiniúint) - cothaithe trí infheistíocht dhaonchairdiúil €2 mhilliún ar feadh trí bliana eile;
- Rang 2014 (Scoil Naomh Éinde, Luimneach) agus Northside Learning Hub (MIC) - ar an bhfód ar feadh dhá bhliain bhreise.
- 2 x Ionad Foghlama Réigiúnach [Inis (MIC) agus Cill Airne (ITT)] - cuirfear deireadh le hionad Chill Airne nuair a thagann deireadh le maoiniú SIF.

### Teagasc agus Foghlaim

- NCE-MSTL – Plean inbhuanaithe gearrthréimhseach i bhfeidhm go dtí Meitheamh 2012. Athbhreithniú breise ag teastáil in 2012. Táthar ag súil le maoiniú breise ón HEA i ndeireadh 2011.
- Gorlann Teagaisc agus Foghlama agus fothionscadail - glacadh le hIonaid Foghlama faoi mhúnla maoinithe nua (RAM) ó lárbhuiséad "tacaíocht d'fhoghlaimeoirí" chun inbhuanaitheacht a chinntiú. Tionscadal eile le bheith féinmhaoinithe/deireadh le cur leis.
- Fuair Clár na bhFiontraithe Óga (YEP) - faoi stiúir IT Thrá Lí - maoiniú corparáideach d'inbhuanaitheacht sa chéim tar éis SIF

### Líonra Soláthair Chuibhreannas Shionainne (SCPN)

- Bhí an SCPN ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhíse do chúraimí soláthair lasmuigh den chuibhreannas a bhaineann le OÉG agus institiúidí ardoideachais eile sa chomhoibriú Líonra ar fud Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; bhí sábháil shuntasach airgid mar thoradh air seo do na hinstitiúidí rannpháirteacha.
- Tá comhaontú seirbhíse curtha ar bhonn foirmiúil ag an SCPN leis an HEA *vis-a-vis* seirbhísí soláthair in earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta in Éirinn (2011).
- Tá cainteanna den chineál céanna ar siúl ar fud earnáil na n-ollscoileanna le súil an próiseas tairisceana a nascadh le tairiscintí cosúla in OL agus OÉG faoi Chomhfhiontar Straitéiseach OÉG / OL (ar bhonn leanúnach).
- Thuairiscigh iniúchadh C&AG gur "comhoibriú dea-chleachtais" a bhí sa SCPN san earnáil ardoideachais in athbhreithniú ar SIF (2010).

D'aontaigh coiste stiúrtha Chuibhreannas Shionainne gníomhaíocht sa todhchaí a bhunú i gcomhthéacs Thuairisc Hunt an HEA (Straitéis Náisiúnta d'Ardoideachas go dtí 2030, a foilsíodh i Márta 2011) sa chéim tar éis SIF (Meán Fómhair 2011 ar aghaidh). Ciallóidh sé seo cleachtadh mionsonraithe mapála chun gníomhaíochtaí agus cláir acadúla a áireamh; nuálaíocht Teagaisc agus Foghlama; Taighde agus oiliúint céimithe; seirbhísí roinnte; idirnáisiúnú; etc. Príomhranna Comhaontaithe le forbairt in 2012 mar bhunús do Mheabhrán Tuisceana (MOU) idir an cuibhreannas i ndiaidh SIF.

## Comhfhiontar Straitéiseach OÉ Gaillimh – OL

Chuir an tUachtarán dhá chur i láthair/Tuarascáil Dul chun cinn ar Chomhfhiontar Straitéiseach OÉG-OL i láthair an Údaráis Rialaithe (Eanáir agus Meán Fómhair 2011). Forbraíodh comhláithreán gréasáin agus beidh sé beo i mí Dheireadh Fómhair 2011. (http://www.nuig-ulalliance.ie ). Go dtí seo, beartaíodh/cuireadh ar fáil seacht gcomhchlár:

- MSc in Sustainable Resource Management (cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2011)
- MSc in Finance and Information Systems (athsheoladh 2012);
- Clár Comhaltachta Bioinnovate Ireland
- MSc in Sports and Exercise Medicine/Physiotherapy (athbhrandáil mar chomhchláir 2012/13)
- PhD Struchtúrtha in New Media and Film (idir-institiúide)
- PhD Struchtúrtha in Philosophy of Art and Culture - faoi stiúir Choláiste Mhuire Gan Smál [Cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2011]
- PhD Struchtúrtha in Biomedical Engineering and Regenerative Medicine

Rinneadh cinneadh chomh maith, le comhaontú ón HEA, go ndíreodh OÉ Gaillimh ar **an gclár Leighis Fochéime** a sholáthar do OÉ Gaillimh agus go ndíreodh OL ar Leigheas Iarchéime.

## Link to Learn

- Tionscnaimh mhalartaithe do mhic léinn sa Ghnó (BBS) - d'fhreastail ochtar mac léinn as OL ar OÉ Gaillimh sa bhliain acadúil 2010/11.
- MBA: Modúil roghnacha samhraidh ar fáil in OÉ Gaillimh agus in OL á dtairiscint do mhic léinn an dá chláir i samhradh na bliana 2011. Ghlac 29 mac léinn as OL agus 27 mac léinn as OÉ Gaillimh páirt i modúil a cuireadh ar fáil san institiúid comhpháirtí i samhradh na bliana 2011.
- Modúil OL ar fáil do mhic léinn MA (Dána) na Gaillimhe mar mhodúil roghnacha - tosóidh na chéad mhic léinn sa bhliain acadúil 2011/12
- Trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht físchomhdhála is nuaí, is féidir le mic léinn ón dá institiúid smaointe a roinnt agus tairbhe a bhaint as taithí foghlama nuair a sheolfar an tionscnamh Link to Learn. Tá réimse modúl roinnte eatarthu lena n-áirítear; bithcheimic thionsclaíoch, aigéaneolaíocht, nanaitheicneolaíocht, radaíocht, fisic leighis.
- Aithníodh gur gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar fhísteicneolaíocht d'fhonn Link to Learn a chur chun cinn.

## Taighde agus Aistriú Teicneolaíochta

Eolaíocht Bhithleighis agus Innealtóireacht MSSI agus NCBES – caidreamh feabhsaithe - rochtain sciobtha agus éifeachtach a chur ar fáil ar chumas agus inniúlachtaí fisiciúla d'fhiontair agus d'fhiontraithe. Seoladh foirmiúil METRIC beartaithe do 2012.

*SAAL - Maireachtáil Chliste Chuidithe Chomhthimpeallach:* Ceithre thosaíocht théamacha: Maoiniú faighte - FP7 - 500k i mBealtaine 2011 (OÉ Gaillimh) agus 300k do M&M Qualtech. Aitheanta mar thionscnamh tosaíochta do 2012 le maoiniú síl údaraithe d'fhorbairt comhthionscnamh.

*Bogearraí/ICT:* Athnuachan LERO CSET don tréimhse 2011-2016 - Togra ceadaithe (€17 milliún). Tá CISC/OÉ Gaillimh anois mar chuid d'Ionad Taighde LERO go foirmiúil.

*Lá Comhthaighde Innealtóireachta & Faisnéisíochta:* Bhí Lá Comhthaighde Innealtóireachta agus Faisnéisíochta ar siúl in OÉ Gaillimh i gcomhar le OL Déardaoin, an 7 Aibreán 2011. Taispeántas 174 póstaer taighde, 40 a bhain le OL. Foilsithe in "Book of Abstracts".

*Ciste MedTech Accelerator*: Tá an Ciste MedTech Accelerator de chuid Bhanc na hÉireann ar fiú €10milliún (US$13.6) é, seolta ag Kernel Capital. Ciallaíonn seoladh an chiste seo go bhfuil OÉ Gaillimh anois mar infheisteoir le Kernel Capital. Tagann OÉ Gaillimh ar bord le OL, Banc na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann ag tacú leis an tionscnamh uathúil seo do chuideachtaí Teicneolaíochta Leighis atá ag tosú amach.

*Georgia Tech Ireland*: Cuireadh an chéad Tuarascáil Bhliantúil i láthair an Chomhfhiontair i Meán Fómhair 2011 - aithníodh riachtanas do chomhoibriú acadúil/tionscail níos dlúithe i mBliain 2.

*Innovation Centre, Inis*: Chuir na hOifigí Aistrithe Teicneolaíochta, le tacaíocht ó na comhpháirtithe cuibhreannais, tionscnamh nua d'Ionad Réigiúnach Nuálaíochta Inse ar an bhfód d'fhonn cabhrú le gnólachtaí tosú amach agus le forbairt gnó i réigiún Inse. Seoladh foirmiúil do 2012.

## Seirbhísí Roinnte

- Soláthar - áirgí - á chomhordú ag Oifig Soláthair OL agus anois ag obair leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (OPW)
- Seirbhísí dlí - rachaidh ceistneoir réamhcháiliúcháin ar líne i Meán Fómhair 2011 agus déanfar é a scóráil go luath i nDeireadh Fómhair.
- Slándáil: aontaíodh comhphróiseas soláthair a chomhordú le OÉ Gaillimh agus le Cuibhreannas Shionainne.
- Córas Tacaíochta Taighde - comhsholáthar críochnaithe i Meán Fómhair 2011.
- Seirbhísí Aistriúcháin: Cuirfidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Seirbhísí Aistriúcháin ar fáil do Ollscoil Luimnigh ón mbliain acadúil 2011/12 ar aghaidh.



# DÁMH NA NDÁN, NA NDAONNACHTAÍ AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Is é misean Dhámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta eolas agus domhan níos fearr a chruthú. Tá an Dámh mórtasach as a caighdeán teagaisc agus as a tiomantas do thaighde, agus leagtar béim láidir ar ról na díospóireachta agus an phlé i bhforbairt eolais agus scileanna anailíseacha.

Tá na cúig aonad acadúla seo a leanas sa Dámh:

- Roinn na Staire
- Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí
- Roinn na Socheolaíochta
- Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide
- Scoil an Dlí

Tá dlúthchaidreamh acadúil ag an Dámh le Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol.

Tá os cionn 2,500 mac léinn cláraithe leis an Dámh ar chláir mhúinte agus thaighde.

## I measc na bpríomhimeachtaí bhí:

### Léacht Phoiblí Chlárcheaptha

Thug an tOllamh Diarmaid Ferriter as UCD an tríú Léacht Phoiblí bhliantúil Chlárcheaptha AHSS a bhí eagraithe i mbliana ag Roinn na Staire faoin teideal: *Civic Engagement: Historian, Media and Public.*

### Cúirt Bhréige

Is é an Príomh-Bhreitheamh John Murray a rinne an oscailt oifigiúil ar an macasamhail den scoth de sheomra cúirte i Scoil an Dlí. Tugann an seomra cúirte deis do mhic léinn Ollscoil Luimnigh an t-eolas teoiriciúil atá acu a úsáid go praiticiúil.

### Saincheisteanna Reatha in Iriseoireacht na hÉireann

"All in a life" - An 21 Feabhra 2011 bhí agallamh oscailte leis an iar-Thaoiseach an Dr Garrett Fitzgerald faoi pholaitíocht, athchóiriú polaitíochta, meáin na hÉireann, agus an toghchán atá ar tí a bheith ar siúl. Go gairid ina dhiaidh sin, an 23 Márta 2011, bhí agallamh oscailte ar siúl le Geraldine Kennedy, Eagarthóir, The Irish Times.

### Gradaim Teagaisc

Bhuaigh Jennifer Schweppe, Scoil an Dlí, Gradam Ollscoil Luimnigh do Theagasc i nGrúpaí Beaga. Chomh maith leis sin, bronnadh Gradam Náisiúnta as Sárchaighdeán Teagaisc 2011 de chuid NAIRTIL (An tAcadamh Náisiúnta as Comhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama) uirthi.

Roghnaigh Tascfhórsa Ghradam Teagaisc na hOllscoile, an Dr Amanda Haynes, Roinn na Socheolaíochta mar 'bhuaiteoir soiléir' ar *Ghradam do Theagasc i nGrúpaí Móra*. Is í seo an dara huair ag an Dr Haynes an gradam seo a bhuachan - bronnadh an gradam céanna uirthi in 2006.

Bhuaigh an Dr David Coughlan, Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide an Gradam Teagaisc/Comhairliúcháin don Chéad Seacht Seachtaine. D'ainmnigh mic

léinn na chéad bhliana é mar an múinteoir/teagascóir nó an comhairleoir a raibh an tionchar is dearfaí aige ar a dtaithí in Ollscoil Luimnigh sa chéad seacht seachtaine ar an ollscoil.

### Laethanta Teagaisc

Bhí trí lá bhreise teagaisc ar siúl i mbliana, i mí Dheireadh Fómhair 2010, i mí Eanáir 2011 agus i mí Mheán Fómhair 2011. Is deis iad na Laethanta Teagaisc seo don Dámh foghlaim óna chéile agus chun tacaíochtaí infreastruchtúrtha a aithint a theastaíonn a bheith i bhfeidhm chun teagasc agus foghlaim a éascú. Baineann siad seo úsáid as saineolas inmheánach agus seachtrach. Áirítear cur i láthair agus ceardlanna mar chuid den fhormáid.

### Taighde

Le linn na bliana lean an dámh ar aghaidh ag cur líon mór foilseachán den scoth ar fáil lena n-áirítear dhá leabhar déag le húdar amháin nó le comhúdair chomh maith le seacht leabhar a cuireadh in eagar.

### Gradam IRCHSS

Faoi Scéim Tionscadal Réiteach Coimhlinte Roinn Gnóthaí Eachtracha an IRCHSS bronnadh deontas €50,000 ar an Ollamh Tom Lodge, Déan agus Cathaoirleach AHSS ar Staidéar Síochána agus Coimhlinte. Tá an tionscadal mar chuid den iarracht leanúnach chun comhoibriú taighde agus teagaisc idir OÉG agus OL a leathnú agus a chomhtháthú.

Fógraíodh an tOllamh Dermot Walsh, Scoil an Dlí, mar chomhalta tofa d'Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA). Meastar ballraíocht ar an RIA ar cheann de na honóracha acadúla is mó in Éirinn.

### Comhdhálacha agus Siompóisiaim Taighde

- Comhdháil Bhliantúil Fhóram Nuachtán agus Tréimhseachán Staire na hÉireann – *"The Practice and Profession of Journalism Through the Ages"*.
- Cruinniú Líonra Inscne ARC (cuibhreannas taighde idirinstitiúide OL agus OÉG ar thaighde ar inscne)
- Ceardlann Development Studies Association of Ireland.
- Siompóisiam Samhraidh ISSP-CALS-LANGNET – **"***Using Discourse Analysis in Doctoral Research"*.
- Teanga sna Meáin – *"The role of the media in relation to the representation, construction and/or production of language"*.
- The Songs That Saved Your Life Again: A Celebration of Morrissey.

### Scoileanna Samhraidh agus Scoileanna Geimhridh

- Cláir Bhéarla Ollscoil Luimnigh
  Cuireann Lárionad Teangacha Ollscoil Luimnigh réimse cúrsaí ar fáil do dhaoine fásta agus do dhaoine óga ar feadh na bliana agus tá Clár Samhraidh curtha i gcrích arís aige. Sa chlár bhí clár samhraidh na n-óg; Béarla Ginearálta agus Béarla Acadúil, agus sraith nuálach forbartha do mhúinteoirí.

- Scoil Samhraidh sa Léann Éireannach
  Thug an Scoil Samhraidh sa Léann Éireannach an deis do mhic léinn an tír seo a fheiceáil trí chlár foghlama, sóisialta agus cultúir den scoth. Rinne na mic léinn cúrsa amháin go lánaimseartha ar feadh na trí seachtaine, bhí rogha de chúig chúrsa acu as Litríocht na hÉireann, Stair, Socheolaíocht, na Meáin, Dlí agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach do thrí chreidiúint acadúla (6 ECTS).

- Tríú Scoil Gheimhridh Ollscoil Luimnigh i Modhanna Taighde san Eolaíocht Shóisialta
  D'eagraigh Roinn na Socheolaíochta agus Roinn na Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí an Scoil seo a chur oiliúint ar fáil i modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla feiliúnach do thaighde ag leibhéal PhD agus bhí an Scoil saor in aisce do mhic léinn PhD in institiúidí ISSP.

- Scoil Samhraidh Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí
  Eagraíodh an Scoil seo i gcomhar le Bord Forbartha Chathair Luimnigh agus ba é an téama 'Daonlathas Áitiúil agus Comhpháirteachas Poiblí a Athnuachan'. I measc na rannphháirtithe bhí oifigigh rialtais áitiúla, ionadaithe tofa, eagraíochtaí pobail agus lucht acadúil.

- Seachtain na dTeangacha in OL
  Ag ceiliúradh Lá Eorpach na dTeangacha, reáchtáil Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide Seachtain na dTeangacha in OL.

### Creidiúnú Gairmiúil

Chomhlíon an BA (Education) Languages riachtanais chéime agus oideachais múinteoirí na Comhairle Múinteoireachta do na hábhair churaclaim Fraincis, Spáinnis agus Gearmáinis.

Chomhlíon an BA (Joint Honours) riachtanais chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta do na hábhair churaclaim OSSP, Eacnamaíocht, Stair, Matamaitic, Béarla, Fraincis, Gaeilge agus Spáinnis.

### Foilseacháin na Mac Léinn

Chuir mic léinn iriseoireachta na hOllscoile dhá nuachtán amach i gcathair agus i mbruachbhailte Luimnigh. Bhí an City Voice agus an Parish Voice dírithe ar Pháirc Mhuire. Bhí na nuachtáin an Moyross Voice ar fáil anseo roimhe seo in 2009 agus an Southill Voice in 2010.

Seoladh dhá eagrán bhreise d'Irisí na Mac Léinn in Eanáir 2011 - an t-eagrán is deireanaí d'Iris an Chumainn Staire agus Socheolas - Iris Socheolaíochta na Mac Léinn i Luimneach.

# DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOL

D'oscail an Taoiseach Brian Cowen, TD ionad nua mórthaibhseach Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol go hoifigiúil i rith na bliana acadúla. Mar chuid den seoladh bhí siamsaíocht leis na Chieftains, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Rex Levitates Dance Company agus mic léinn as Dámh Chruinne Éireann i mbun damhsa comhaimseartha, traidisiúnta agus cruinne chomh maith le ceol clasaiceach agus traidisiúnta.

Dhear an t-ailtire Francach, Daniel Cordier, an foirgneamh €20 milliún seo chun an taighde, an taibhiú agus an teagasc a thabhairt le chéile faoi dhíon amháin. Ceapadh Cordier i ndiaidh comórtas dearaidh idirnáisiúnta. Tá dhá amharclann léiriúcháin ann, an Tower Theatre agus an Main Theatre chomh maith le stiúideonna damhsa, spásanna taifeadta, seomraí cleachtaidh ceoil, seomraí seimineáir, spásanna taispeántais agus ionad taighde idirnáisiúnta.

Tá an foirgneamh réitithe ó thaobh fuaime de agus tá urláir ghéilleacha ann. Le gairid, cheannaigh an Dámh orgán continuo chun luathchleachtadh ceoil a fhorbairt.

## Forbairtí Móra Eile

Bunaíodh Cartlann Náisiúnta Rince, le hurraíocht ón gComhairle Ealaíon i Leabharlann Glucksman trí cheannaireacht acadúil Dhámh Chruinne Éireann.

Cuireadh tús le togra nua gairmiúil sa damhsa comhaimseartha, dírithe ar dhamhsóirí óga Gaelacha a bhfuil oiliúint faighte acu in ionaid idirnáisiúnta dar teideal 'Step Up' i nDámh Chruinne Éireann i gcomhar le Dance Ireland agus urraithe ag an gComhairle Ealaíon.

Seoladh togra scoláireachtaí Stepping Stones chun mic léinn iarchéime ó áiteanna ar fud an domhain nach bhfuil mórán díobh sa Dámh a mhealladh. Tháinig iarratais ó mhic léinn as an tSín, an Mhalaeisia, Gána, Columbia, an Phoblacht Dhoiminiceach, an Rúis agus Iosrael. Tá na scoláireachtaí seo ar fáil d'aon Mháistreacht teagaisc sa Dámh agus féadfaidh iarrthóirí a n-éireoidh leo dul ar aghaidh agus staidéar ag leibhéal dochtúireachta.

Tá an chéad bhabhta den BA Voice and Dance ag teacht chun críche. D'éirigh thar cionn leis an BA seo mic léinn a mhealladh as gach cineál cúlra ceoil agus damhsa. Tá an Arts Practice PhD ag forbairt leis agus i measc na réimsí speisialtóireachta taighde tá taibhiú ceoil chlasaicigh na hIndia, ensemble ceoil dúchasaigh na hAfraice, cóiréagrafaíocht agus cantaireacht nua na hÉireann.

## Ceapacháin

Ceapadh riarthóir ar an gcúrsa Ritual Chant and Song le gairid, Wolodymyr Schishmekywych, tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an amhránaí seo leis an ensemble luathcheoil 'Sequentia'. Ceapadh an speisialtóir sa luathcheol agus tionlacaí pianó, an Dr Yonit Kosovke agus damhsóir comhaimseartha agus scoláire, an Dr Jenny Roche mar aon le beirt chomhaltaí foirne tacaíochta.

Tá ag éirí le céimithe na Dáimhe comhaltachtaí agus scoláireachtaí idirnáisiúnta a bhaint amach i gcónaí cosúil le comhaltacht iardhochtúireachta IRCHSS, Fulbright agus FONCA, an scoláireacht is mó le rá i Meicsiceo do na healaíona.

# DÁMH AN OIDEACHAIS AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Cnuasach í Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte (EHS) de shé roinn (Teiripí Cliniciúla (CT), Oideachas & an Léann Gairmiúil (EPS), Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS), Altranas & Cnáimhseachas (N&M), Síceolaíocht (PSYC) agus Corpoideachas & Eolaíocht Spóirt (PESS)).

## Éachtaí Taighde

- Tá líon na mac Léinn Dochtúireachta méadaithe ó 144 go 158
- Tá líon na bhfoilseachán ISI méadaithe ó 334 go 366
- Mhéadaigh líon na leabhar mór le rá ó 14 go 24
- Mhéadaigh líon na dtagairtí ó 3888 go 4696
- Mhéadaigh líon na bpaitinní ar gach €1mhilliún ó 0.29 go 0.38
- Mhéadaigh maoiniú AE ó €799k go €1.3m

## I rith na bliana acadúla, d'fhorbair EHS:

- Straitéis Taighde
- Clár Dochtúireachta Struchtúrtha Oideachais (an chéad bhabhta Meán Fómhair 2010, 36 mac léinn go dtí seo)
- Clár Dochtúireachta Struchtúrtha sna hEolaíochtaí Sláinte (an chéad bhabhta Meán Fómhair 2012)
- Modúil ón bPlean Forbartha Pearsanta ar fáil do GACH mac léinn PhD (OL)
- Painéal piarmheasúnaithe EHS d'iarratais IRSCET/IRCHSS chun cur lenár dteist chruthaithe, trí cinn faighte sa Bhliain Acadúil 10/11

## Idirnáisiúnú

- Mhéadaigh líon na bhfochéimithe taobh amuigh den AE ó 149 go 177
- Mhéadaigh líon na n-iarchéimithe teagaisc taobh amuigh den AE ó 93 go 116
- Mhéadaigh líon na mac léinn a chaitheann tréimhse ag staidéar thar lear ó 299 go 374
- Caitheann mic léinn tréimhse thar lear anois mar chuid de chláir fochéime na Roinne Corpoideachais & Eolaíochta Spóirt/na Roinne Síceolaíochta agus na Roinne Teiripí Cliniciúla

## Obair ar son an Phobail

- Cuireadh Tuairisc Meastóireachta le chéile maidir le Hospice at Home d'Ionad Cúraim Áth an Mhuilinn
- Chuidigh EHS leis an gclár staidéir iarscoile i bPáirc Mhuire agus in South Hill
- D'oibrigh EHS agus Ionad Áth an Mhuilinn le chéile i gceann de na chéad chomhpháirtíochtaí in Institiúid Uile-Éireann do Chúram Ospíse agus Maolaitheach
- Tá cuid d'fhoireann EHS fós bainteach le tionscnaimh Athghiniúna Luimnigh

## Comhdhálacha agus Imeachtaí

- The International Association of Physical Education in Higher Education (AIESEP) 2011
- Reáchtáil an Roinn Altranais agus Cnáimhseachais an dara comhdháil Eorpach den Chumann Altranais Traschultúrtha
- Reáchtáladh comhdháil bhliantúil Chumann Taighde Athshlánaithe agus Teiripe in Ollscoil Luimnigh an 13 Bealtaine. Reáchtáil an Rannóg Fisiteiripe í
- Thug Uachtarán na hÉireann ag an am, Máire Mhic Ghiolla Íosa, cuairt ar an Ollscoil an 25 Feabhra 2011. Labhair sí le mic léinn na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime chomh maith le comhaltaí foirne, proifisiúnach agus oideoirí leighis an réigiúin.
- Reáchtáil EHS dhá léacht tionscnaimh, ceann leis an Ollamh Walter Cullen, an 16 Bealtaine dar teideal 'Is Primary care the Answer?' agus ceann leis an Ollamh David Meagher an 21 Márta dar teideal 'Delirium: confusion at the brain-body interface'

## I rith na bliana, bhí obair fós ar bun chun Caighdeán Eispéiris na Mac Léinn a chothú:

- Bhí Modúil ón bPlean Forbartha Pearsanta deartha agus ar fáil do GACH mac léinn PhD (OL).
- I measc na gclár nua EHS bhí;

  - MSc Sport Performance
  - Teastais Iarchéime in Clinical Therapies
  - PhD nua Struchtúrtha EHS le tosú i Meán Fómhair 2012
  - BSc in Exercise and Fitness (NCEF)

- Faoi láthair, tá Dámh EHS ag obair ar;

  - UTEB – Struchtúr Oideachais Múinteoirí
  - Mic léinn ag fágáil cúrsaí/Spriocanna an Chláir
  - Clár Nua Paraimhíochaineoirí
  - Cláir Iarchéime a leasú in CT, N&M EPS

## Éachtaí agus Gradaim na Mac Léinn/na gComhaltaí Foirne

Úna Britton – Mac Léinn sa dara bliain den chúrsa Spóirt agus Aclaíochta, cháiligh sí do Chomórtas Reatha Trastíre faoi 23 na hEorpa. Beidh Úna ag déanamh ionadaíocht d'Éirinn sna Comórtais faoi Nollaig 2011.

Cuireadh ceathrar mac léinn Altranais agus Cnáimhseachais ar an ngearrliosta don 10% is fearr do Ghradaim fochéime 2011 na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Gradaim Speisialta: Bronnadh bonn airgid ar Kim Siekerman (BSc Sport and Exercise Sciences) ag bronnadh mhí Lúnasa agus fuair Marie Ryan (BEd in Biological Science) duais don Chleachtadh Teagaisc.

Bhain Aileen Sheahan (Dara bliain Corpoideachas) amach barr Kilimanjaro. Bailíodh os cionn €100k d'Fhoras Croí na hÉireann. Bhí Stiúrthóir an NCEF, Maura O' Sullivan Ryan, ar an ngrúpa sin chomh maith.

Bronnadh Dámhachtain Barr Feabhais Ollscoil Luimnigh sa Mhúinteoireacht ar an Dr Patricia Mannix McNamara (EPS).

### Ceapacháin Foirne

- An tOllamh Amanda Cotter – Ollamh le Cnáimhseachas & Gínéiceolaíocht (GEMS)
- An Dr Rachel Mestfi – Léachtóir Sinsearach (Roinn na Síceolaíochta)
- Ceapadh an Dr Patrick Ryan ina Cheann Roinne le hOideachas agus an Léann Gairmiúil.
- An tOllamh Alison Perry – Ollamh le Teiripí Cliniciúla
- An tOllamh Anne McFarlane – Ollamh le Taighde sa Chúram Príomhúil Sláinte

### Scor

Jim Pidgeon – Oifig Theicniúil EPS

An Dr Jim Gleeson – Léachtóir Sinsearach EPS



# DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Tá 10 roinn acadúla i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta: Eolaíochtaí Ceimiceacha agus Imshaoil, Eolaíocht Ríomhaireachta agus Córais Faisnéise, Innealtóireacht Leictreonach agus Ríomhaireachta, Eolaíochtaí Beatha, Innealtóireacht Déantúsaíochta agus Oibríochtaí, Eolaíocht agus Teicneolaíocht na nÁbhar, Matamaitic agus Staidreamh, Innealtóireacht Mheicniúil agus Aerloingseoireachta, Fisic agus an Scoil Ailtireachta. Le tacaíocht ó bhreis is 230 comhalta foirne, is pobal beoga é an Dámh nua atá ag cur 40 clár fochéime onóracha ar fáil do 3018 mac léinn.

Tairgeann an dámh cláir iarchéime mhúinte agus thaighde ag na leibhéil seo: dioplóma iarchéime, fochéim, máistreacht agus PhD. Bhí 497 dtaighdeoir ag tabhairt faoi cháilíochtaí PhD a bhaint amach le linn na bliana. Baineann réimse spéise taighde na dáimhe le raon leathan disciplíní faoi choimirce trí institiúid taighde den scoth: Institiúid na nÁbhar agus na hEolaíochta Dromchla (MSSI), Institiúid Taighde Stokes agus Institiúid Taighde in Innealtóireacht Bogearraí na hÉireann (Lero), chomh maith le líon mór ionaid taighde.  Le déanaí tá béim mhór á cur ar mhatamaitic fheidhmeach trí Chuibhreannas na bhFeidhmchlár Matamaitice don Eolaíocht agus don Tionsclaíocht (MACSI), agus ar thaighde fuinnimh agus comhshaoil inbhuanaithe faoi Thionscnamh Charles Parsons, a seoladh in 2008. Bhain 59 mac léinn dochtúireachta agus 173 mhac léinn máistreachta céim amach sa Dámh sa Bhliain Acadúil 2010/2011.

## Forbairtí Móra

### Comhdhálacha agus Imeachtaí

***Re-Thinking Technology in Museums 2011: Emerging Experiences.***

Bhí an tríú comhdháil idirnáisiúnta "Re-Thinking Technology in Museums" ar siúl in OL. Reáchtáil an tIonad Inidghníomhaíochta Dearaidh (Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise) i gcomhar le Cumann Músaem na hÉireann í. Tugann an IDC lucht acadúil agus cleachtóirí le chéile chun eispéireas na n-iarsmalann a dhearadh ar bhealaí nua ag úsáid teicneolaíocht idirghníomhach. Bhí an téama "Emerging Experiences" ag comhdháil 2011 agus i láthair bhí eolaithe sóisialta, saineolaithe ar oideachas agus ar chumarsáid iarsmalainne, coimeádaithe, dearthóirí taispeántais, dearthóirí idirghníomhaíochta agus eolaithe ríomhaireachta ó 14 thír dhifriúla. Is féidir páipéir na comhdhála a íoslódáil ó: http://www.idc.ul.ie/techmuseums11/

***FM2011 Formal Methods Conference***

Reáchtáil Lero an chomhdháil FM2011 (Formal Methods) i gcomhar leis an 34ú Ceardlann Bhliantúil IEEE Software Engineering (SEW), Communicating Process Architectures (CPA) agus COST. Idir na ceithre ócáid, chuir Lero fáilte roimh 235 thoscaire as 35 thír. Bhí Siompóisiam FM2011 bunaithe ar an téama *Formal Methods Come of Age* a léirigh agus a rinne ceiliúradh ar dhul chun cinn i modhanna foirmiúla taighde, oideachais agus úsáide trí thacaíocht uirlisí agus dea-chleachtas an tionscail, agus a ról i réimse tionscal, fearann, agus i ndeimhniúchán agus dearbhúchán.

### *Comhdháil Ar Líne IDATER*

Reáchtáil Grúpa Taighde Oideachais Teicneolaíochta Ollscoil Luimnigh, i gcomhar leis an Design Education Research Group in Loughborough University an chéad chomhdháil IDATER ar líne ar Ghrafacht agus ar Shamhaltú. Thacaigh an Roinn Teicneolaíochta Déantúsaíochta agus Dearaidh (DMT) leis an ócáid. Bhí sé mar aidhm leis an gcomhdháil díospóireacht ar ghrafacht agus ar shamhaltú agus a ról i ndearadh agus in oideachas a chur chun cinn. Bhí slua mór as Éirinn agus thar lear i láthair ag an gcomhdháil, agus bhí páirtithe móra seachtracha cosúil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an tSeirbhís Tacaíochta d'Ábhair Theicneolaíochta (t4) in Éirinn i láthair chomh maith. Úsáidfear an taighde a d'eascair as an gcomhdháil agus a forbraíodh ó shin i leabhar atá á chur in eagar ag an Dr Niall Seery as an Roinn Teicneolaíochta Déantúsaíochta agus Dearaidh agus as an nGrúpa Taighde Oideachais Teicneolaíochta (TERG) anseo in OL, i gcomhar leis an Ollamh Eddie Norman as Loughborough University.

### *Léacht Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic*

Mar aitheantas ar a chuid oibre chun an bhearna sa "deighilt dhigiteach" ar domhan a líonadh, tugadh cuireadh do dhuine de na taighdeoirí is fearr in Éirinn i logánú bogearraí le labhairt ag Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe. Labhair an tUasal Reinhard Schäler (CSIS) as an Ionad do Logánú an Chéad Ghlúin Eile (CNGL) atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann in Ollscoil Luimnigh ag an Dara Cruinniú den Choiste Forbartha Faisnéise, Eolaíochta & Teicneolaíochta (CODIST-II) Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic, a bhí ar siúl in Addis Ababa, san Aetóip. Labhair an tUasal Schäler le hoifigigh shinsearacha agus le saineolaithe bhallstáit na hAfraice ar an téama "Localisation as an Industrial Strategy".

### *82ú Grúpa Staidéir na hEorpa leis an Tionscal*

Dúshlán seachtaine fadhbréitigh atá in 82ú Grúpa Staidéir na hEorpa leis an Tionscal ina mbíonn comhoibriú idir an tionscal agus lucht acadúil. Ba é 'Cuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus don Tionsclaíocht' (MACSI) de chuid na hOllscoile a d'eagraigh an chomhdháil. D'oscail an Dr Thibaut Lery, Oifigeach Eolaíochta ag Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa, an chomhdháil go foirmiúil. Seisear nó seachtar tionsclaithe a bhí sna Grúpaí Staidéir a chuir fadhbanna i láthair lucht acadúil: matamaiticeoirí den chuid is mó ach bíonn fáilte roimh eolaithe eile chomh maith. Oibríonn na rannpháirtithe le chéile chun na fadhbanna a chur i dtoll a chéile mar cheisteanna matamaiticiúla agus anailís a dhéanamh ansin ar na cothromóidí. I measc na bhfadhbanna a rabhthas ag obair orthu i mbliana bhí: teicneolaíocht brataithe rolla le DSM, úsáid éifeachtach fuil O-dhiúltach le hOspidéal Réigiúnach an Iarthair Láir agus bainistíocht éilimh le Crystal Energy. Tá eolas breise le fáil ar: http://www.macsi.ul.ie/esgi82/

### *Elite Force i gcomhar le hInnealtóireacht Shibhialta in OL*

Tháinig scothfhoireann teagascóirí agus daltaí innealtóireachta as Acadamh Míleata Mheiriceá ag West Point, Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig OL. Ina measc, bhí an Cornal Stephen Ressler, Ollamh le hInnealtóireacht Shibhialta & Mheicniúil in Acadamh Míleata Mheiriceá, mar aon le beirt

teagascóirí Innealtóireachta eile as West Point agus seachtar dalta míleata. Thug an grúpa cuairt ar sheacht scoil timpeall Luimnigh in imeacht coicíse agus chuir siad seó mór ar bun ag taispeáint an chaoi a n-úsáideann innealtóirí sibhialta matamaitic agus eolaíocht chun struchtúir a fheicimid ó lá go lá a thógáil.

I measc na scoileanna a bhí páirteach sa seó mór bhí; Féile Chorp Chríost, Muire Lourdes, Muire Banríon na Síochána, Scoil Náisiúnta Átháin, Modhscoil, Scoil Náisiúnta Áth an Mhuilinn agus Gaelcholáiste Luimnigh.

***Scoil Samhraidh i Logánú Ríomhaireachta & Físchluichí***

Bhí Scoil Samhraidh Idirnáisiúnaithe agus Logánaithe LRC 2011 ar siúl in Ollscoil Luimnigh agus ba é Logánú Ríomhaireachta agus Físchluichí téama na Scoile. Le tacaíocht ón Ionad do Logánú an Chéad Ghlúin Eile (CNGL), bhí an deis ag 38 rannpháirtí dhíocasacha blaiseadh a fháil de thaobh eile de thionscal an logánaithe agus léargas a fháil ar cheann de na réimsí is fearr agus is sciobtha fás den tionscal, is é sin logánú cluichí. Thug ionadaithe ó Big Fish Games, Enzyme Testing Labs, Guerilla Translations, Keywords International, Language Automation Inc., Microsoft Games Studios, Mi'pu'mi games agus OnLegends cainteanna agus ceardlanna a bhí suimiúil, spreagúil. Fuair an Scoil Samhraidh tacaíocht ó Kilgray Translation Technologies & PopCap Games.

***DESIGNed11***

Bhí an taispeántas bliantúil Dearaidh Táirge agus Teicneolaíochta 'DESIGNed' ar siúl arís. Cuireadh táirgí nuálacha mhic léinn an BSc Product Design and Technology ar taispeáint. Bhí saothar 16 mhac léinn i dtaispeántas 2010/2011 agus smaointe idir ghléas rochtana oiriúnaithe do chách sa linn snámha agus clogad iomána athdheartha le feiceáil. Chuir macasamhla ar ardchaighdeán agus léiriú grafach ollmhór na táirgí agus a gcoincheapa agus a dtréithe nuálacha ar taispeáint. Bronnadh trí ghradam ar an oíche; bhronn Denis O'Keefe ó Logitech an duais do Dhearthóir Logitech na bliana ar Kevin O'Sullivan as a tháirge 'Encoretm' córas nua seachadta nuálach na comhla croí a bhfuil comhphaitinn faighte aige as chomh maith. Bronnadh an dara gradam ar Cathy O'Neill as a cith nuálach agus praiticiúil campála, 'Clean Camping'. I mbliana, bhronn Cormac Lyons ó ProCAD Dearthóir Céad Bhliana ProCAD na Bliana ar Jamie Wade. D'oscail an tUachtarán Don Barry, spás stiúideo Dearaidh Táirge agus Teicneolaíochta go hoifigiúil ag an taispeántas. Tá na stiúideonna nua ar urlár na talún in Áras na Fondúireachta agus cuireann siad saoráid ar leith ar fáil do mhic léinn chun táirgí a dhearadh.

# Maoiniú agus Dámhachtana

## *ICMR*

Tá an Dr Cathal Heavey ón Ionad Taighde Fiontraíochta (ERC) ag comhoibriú leis an Ionad Taighde Próiseála Fiontraíochta (EPRC) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar dhá thionscadal tionscaltreoraithe le hIonad an Taighde Déantúsaíochta (ICMR) (www.icmr.ie), a seoladh an bhliain acadúil seo**.** Tá dhá shraith i gceist leis an taighde: samhaltú inbhuanaithe agus bainistíocht inathraitheachta. Is iad na cuideachtaí atá páirteach sa tsraith seo Seagate, Intel, Analog Devices, De Puy, Boston Scientific agus Bombardier. Is éard atá i sraith na gCóras Tacaíochta Cinntí Bunaithe ar Shamhail Inbhuanaithe bealach do chórais déantúsaíochta mearshamhaltaithe anailís a dhéanamh sula gcuirtear cinntí i bhfeidhm. Feabhsaíonn na samhlacha seo an chaoi a ndéileáiltear le timpeallacht an mhargaidh atá ag athrú go sciobtha. Tá buiséad €5 mhilliún faighte ag an ICMR le gairid chun nuálaíocht a chur i bhfeidhm sa déantúsaíocht.

## *Gradaim SFI*

I gclár Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, (Ionad Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta), tá go leor bainte amach ag Ollscoil Luimnigh:

- Rinne painéal idirnáisiúnta athbhreithniú ar Lero – Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann faoi cheannas na hOllscoile agus thréaslaigh siad lena chuid éachtaí ó bunaíodh é in 2005.
- I gclár SRC (an Bhraisle Straitéiseach Taighde) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, d’éirigh leis an mBraisle Cógaisíochta Soladstaide san athbhreithniú lárthéarma. Feictear an SSPC in Éirinn agus thar lear mar eiseamláir de chomhoibriú taighde idir an tionscal agus an taobh acadúil. Go deimhin, bronnadh maoiniú breise €1m anuas ar an €7m a bhí aige mar aitheantas ar an saothar nua a braitheadh a bheadh go maith le dul sa tóir air.
- I gclár PI (Príomhthaighdeoir) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, bhí an Ollscoil rathúil i dtrí ócáid ar luach os cionn €3m. Bronnadh deontais PI ar an Ollamh Noel O’Dowd, ar an Ollamh Ake Rasmuson ó MSSI agus ar an Dr Conor Ryan ó Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise. I gcás Conor, is é is mó a bhfuil deontais PI bainte amach aige as a chéile – rud a léiríonn a shárchaighdeán taighde.

## *Duais Coolmore*

Bronnadh Duais Coolmore do Bhliain Acadúil 2010/2011 as an Tionscadal is Fearr sa Bhliain Deiridh sa Roinn Eolaíochtaí Beatha ar James McGregor as a thionscadal ‘The Effect of Yearling Sale Price on Racing Performance.’

## *Duais Critchley*

Cuireadh tús leis an duais seo i gcuimhne ar an Dr Robert Critchley, Léachtóir Sinsearach le Matamaitic Fheidhmeach (1977-2007) agus bronntar an duais ar an mac léinn a fhaigheann an QCA is airde sa chéad bhliain d’Eolaíocht Mhatamaiticiúil nó Matamaitic Airgeadais. Is é David Cleere (Eolaíochtaí Matamaiticiúla) a ghnóthaigh duais 2010/11.

***Comórtas Robocode***

Tháinig iontráil na hOllscoile i gcomórtas náisiúnta Robocode 2011, a bhí ar siúl in Institiúid Thiobraid Árann, sa dara háit. Bhí róbat ag ocht n-institiúid in iomaíocht lena chéile agus i ndiaidh an chéad bhabhta bhí an Ollscoil chun cinn ach chríochnaigh siad sa dara háit sa bhabhta ceannais. Bíonn an comórtas seo oscailte d'fhochéimithe chéad bhliana ar fud na tíre. Is mic léinn sa chéad bhliain in Multimedia and Computer Games Development (LM110) an bheirt a bhí ar fhoireann na hOllscoile, Daniel Keohan agus Ryan Kerswill.

***Corn Comórtais XNA 2011***

Ghnóthaigh iontrálaithe Eolaíochta agus Innealtóireachta i gCorn Comórtais XNA 2011 sna catagóirí Cluiche Windows 7 is Fearr agus Bunscéal is Fearr as an gcaoi ar chuir siad téama cluiche FROGGER i bhfeidhm. Bíonn an comórtas seo oscailte d'fhochéimithe sa dara, sa tríú agus sa cheathrú bliain ar fud na tíre. Is mic léinn sa dara bliain in Multimedia and Computer Games Development (LM110) - Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise na mic léinn ar fad a bhuaigh.

***Cathaoirleacht ar Eirgeanamaíocht na hÉireann***

Toghadh Leonard O'Sullivan, Roinn Teicneolaíochta Déantúsaíochta agus Dearaidh, ina Chathaoirleach ar Chumann Eirgeanamaíochta na hÉireann le gairid.

***Sparánacht Iarchéime BOC Gases 2011***

Bronnadh Sparánacht Iarchéime BOC Gases 2011 ar Treasa Golden, iarchéimí i Roinn na hEolaíochta Ceimice agus Imshaoil. Tá a cuid taighde dírithe ar nanaitheicneolaíocht a úsáid chun catalaíoch nua a tháirgeadh a laghdóidh aigéad tras-sailleach in ola phlandúil hidriginithe. Mar chuid de seo, tá iniúchadh ar iarmhairtí moirfeolaíocha agus leictreonacha na gcatalaíoch ar roghnú aigéad tras-sailleach san imoibriúchán hidriginithe. Tá ola hidriginithe le fáil i go leor táirgí bia mar go gcuireann siad leis an tseilfré agus leis an mblas ach go hiondúil bíonn níos mó tras-saille iontu nach gcuidíonn le galar corónach croí.

## Taighde

***Tionscadal One Island***

Tionscadal é One Island leis an Aonad Intleachta (IU) i Scoil na hAiltireachta in Ollscoil Luimnigh atá ag iarraidh an chaoi a bhfeiceann daoine an tsochaí a chruthaigh na daoine atá ina gcónaí inti trí spás maireachtála ar oileán na hÉireann a bheachtú. Ní thugann an tionscadal taighde seo aird ar na teorainneacha a shainmhíníonn téarmaí tagartha araíonachta / rialachais / infreastruchtúir ach breathnaítear ar an 'Spás Maireachtála' agus an chaoi a dtéann daoine i ngleic leis – mar aon áit amháin. Ar an mbealach seo, bhíothas in ann anailís a dhéanamh ar an réigiún ag leibhéil éagsúla ag an am céanna; an córas iompair (gluaiseacht), fuinneamh, oideachas, úsáid talún, dúlra, timpeallacht.

Díreoidh an taighde ar dhá chontae ar dtús, Maigh Eo agus Fine Gall. Bainfear leas as sonraí breise as na contaetha eile in aice leo chomh maith. Tá na suíomhanna a roghnaíodh an-éagsúil ach an-chosúil lena chéile chomh maith. Tá príomh-aerfort na hÉireann le fáil i gContae Fhine Gall, agus tá píblíne gháis nádúrtha nua agus conspóideach le fáil i gContae Mhaigh Eo. Ceannairí Tionscadail an Aonaid Intleachta: Merritt Bucholz, Peter Carroll Comhoibrithe an Aonaid Intleachta: Eleanor Moloney, Eugene O'Callaghan, Cornelia Foley, Danny Holland, Eamonn Kelly, David Williams, Jim Murphy, John Byrne

### *Cláir PhD Struchtúrtha*

Bronnadh €2.5m maoiniú HEA PRTLI 5 Sraith 2 ar MSSI as a pháirt i dtrí Chlár Struchtúrtha PhD ceithre bliana a thosóidh i Meán Fómhair 2011.

Cuirfear an clár in Innealtóireacht Bhithleighis agus Leigheas Athghiniúnach ar fáil mar chomhpháirtíocht idir institiúidí: Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh (MABE, MSSI) agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, nasctha le hinstitiúidí eile sa tír agus thar lear, lena n-áirítear Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, Georgia Institute of Technology, an Mayo Clinic i Meiriceá agus an Irish Medical Devices Association (IMDA). Beidh idir thaighde den scoth agus imoibriú tionsclaíoch agus cliniciúil sa chlár seo. Tiocfaidh imoibriú tionsclaíoch ó IMDA ó tharla go bhfuil níos mó ná 100 cuideachta teicneolaíochta leighis ann in Éirinn.

Cuirfidh cuibhreannas INSPIRE an clár i Naineolaíocht agus Nanaiteicneolaíocht ar fáil: Is iad sin Ollscoil Luimnigh (MSSI), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is é INSPIRE cuibhreannas náisiúnta na hÉireann i naineolaíocht agus nanaiteicneolaíocht, a chuireann infreastruchtúr roinnte taighde agus curaclaim náisiúnta ar fáil.

Cuireann Ollscoil Luimnigh (MSSI), Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an clár i nDomhaneolaíocht agus Eolaíochtaí Nádúrtha ar fáil. Tá an clár PhD seo dírithe ar nuálaíocht agus cuireann sé sraith scileanna disciplíneacha agus eolas ildisciplíneach atá dírithe ar an idirphlé idir fuinneamh agus timpeallacht ar fáil do mhic léinn.

### *Comhalta Taighde*

Glactar le Marie Travers mar chomhalta taighde ag BioInnovate Ireland tar éis di MSc san Innealtóireacht Bhogearraí a bhaint amach in Ollscoil Luimnigh. Tá sé mar aidhm ag comhaltachtaí BioInnovate dearadh táirgí agus nuálaíocht feistí leighis a chur chun cinn. Clár náisiúnta, idirinstitiúideach is ea an clár atá bunaithe ar mhúnla chlár Biodesign, clár cáiliúil atá aitheanta go hidirnáisiúnta, a chuirtear ar fáil in Standford University, Palo Alto, California. Thug Marie faoin tráchtas MSc dar teideal, 'Interface Identification during Component Recovery' faoi stiúrthóireacht an Dr Jim Buckey (Lero/CSIS) agus rinne sí uirlis éadrom fréamhshamhla (The MNC Tool) a dhearadh, a fhorbairt agus a mheas. Is féidir leis an uirlis comhéadain a dheighilt bunaithe ar leideanna neamónaice in ainmneacha modha na gcomhpháirteanna athshlánaithe.

# SCOIL GHNÓ KEMMY

Ceann de na scoileanna gnó is mó sa tír is ea Scoil Ghnó Kemmy (KBS) agus 2,600 mac léinn idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha ag freastal ar réimse cúrsaí fochéime agus iarchéime inti. Tá foireann 100 duine ag KBS agus tá 4 roinn inti: Roinn na hEacnamaíochta; An Roinn Pearsanra agus Caidreamh Fostaíochta; Roinn na Bainistíochta agus na Margaíochta; agus Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais.

## Príomhfhorbairtí

### Oscailt Oifigiúil Fhoirgneamh nua Scoil Ghnó Kemmy

Ba é an ócáid ba thábhachtaí i mbliana oscailt oifigiúil Fhoirgneamh nua Scoil Ghnó Kemmy. Ba é an tAire Tony Killeen TD a d'oscail an foirgneamh go hoifigiúil Dé hAoine, an 5 Samhain 2010. Bhí breis is 250 aoi agus ball de phobal na hOllscoile i láthair. Ina dhiaidh sin, thug an tUasal Peter D. Sutherland, Abhcóide Sinsearach, Léacht bhliantúil KBS ar an ábhar, "Ireland's Economic Condition."

### Plean Straitéiseach

Thug an fhoireann faoi Phlean Straitéiseach 2011-15 a chur le chéile.

### Tascfhórsa Idirnáisiúnaithe

Chuir tascfhórsa idirnáisiúnaithe, a ndearna an tOllamh Jim Deegan cathaoirleacht air, tuairisc le chéile a chuireann in iúl chomh tábhachtach is atá sé don choláiste comhfhiontar straitéiseach a chur chun cinn le scoileanna gnó idirnáisiúnta. Cuirfidh an tuairisc sin eolas tábhachtach ar fáil don phlean straitéiseach.

### Comhfhiontar le OÉ Gaillimh

Mar chuid de chomhfhiontar OL le OÉG, tá cláir agus tionscnaimh á gcur ar bun ag KBS agus a páirtí comhionann in OÉG le chéile. I gcaitheamh na bliana, cheadaigh an dá ollscoil comhchúrsa MSc in Finance and Information Systems, cúrsa nuálach ina gcaithfidh mic léinn an chéad seimeastar in OL agus an dara seimeastar in OÉG. Cuireann an clár nua seo leis an socrú atá déanta acu cheana féin a thugann cead do mhic léinn MBA tabhairt faoi mhodúil sa scoil samhraidh in OL nó in OÉG.

### 19ú Léacht Chuimhneacháin John Lovett

Thug an tUasal Kieran Mulvey, Príomhfheidhmeannach, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Léacht bhliantúil Chuimhneacháin John Lovett dar teideal *"All's changed, changed utterly – new times, new engagements and new solutions: how the employment relationship is changing"* os comhair slua mór.

## Taighde

Chuaigh líon na bhfoilseachán Dáimhe ISI i méadaíocht ó 19 in 2009 go 31 in 2010. Chuaigh líon na mac léinn iarchéime PHD i laghad ó ochtar go ceathrar in 2010.

Cheadaigh an Dámh an togra chun cur isteach ar stádas mar ionad taighde "tosaíochta" don Eolaíocht Eagraíochta agus Beartas Poiblí. Cé go bhfuil sé faoi stiúir KBS, d'fhéadfadh duine ar bith san ollscoil ballraíocht a ghlacadh ann.

Fuair Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais maoiniú isteach is amach le €200,000 i gcomhair comhthaighde faoin gclár Comhpháirtíochta Nuálaíochta atá cómaoinithe ag Aldus Aviation agus Fiontraíocht Éireann.

Bhronn an Institiúid um Smaointeoireacht Nua Eacnamaíochta deontas €120K ar an Dr Stephen Kinsella chun obair a dhéanamh ar mhúnlaí maicreacnamaíochta i dtaca le sreabhadh comhsheasmhach stoc d'Éirinn.

Bhronn an Emerald Literati Network Gradam don Pháipéar den Chéad Scoth 2011 ar an Ollamh Tom Kennedy agus RPV O' Sullivan as an alt a scríobh siad dar teideal, "What caused the Irish Banking Crisis", *Journal of Financial Regulation and Compliance*.

## Forbairtí Cláir

### MSc in Project Management (Lánaimseartha)
### MSc in Project and Programme Management (Páirtaimseartha)

Ceadaíodh dhá chlár nua, MSc in Project Management (Lánaimseartha) agus MSc in Project and Programme Management, chun teacht i gcomharbas ar an Máistreacht in Project Management (Cianfhoghlaim/ Ar Campas).

### MSc Cánachais

Ceadaíodh clár nua MSc Cánachais chun cur leis an gclú atá ar KBS mar an t-ionad is mó chun tosaigh maidir leis an oideachas Cánachais in Éirinn.

### Duaiseanna Earcaíochta Céimithe Gradireland

Ainmníodh an MSc in Financial Services mar bhuaiteoir náisiúnta Chúrsa Iarchéime na Bliana ag searmanas bronnta i mBaile Átha Cliath.

## Éachtaí na Foirne

Bhuaigh an Dr Stephen Kinsella Gradam Dhuine Óg den scoth na Bliana JCI.

Bronnadh Gradam na Dáimhe as Barr Feabhais i dTaighde ar an Ollamh Michael Morley, Roinn na Bainistíochta agus na Margaíochta ag Searmanais Bhronnta mhí Lúnasa 2010.

Bronnadh an Gradam as Barr Feabhais a cuid Seirbhíse don Phobal 2010 ar an Dr Noreen Heraty, an Roinn Pearsanra agus Caidreamh Fostaíochta, ag Searmanais Bhronnta mhí Lúnasa 2010.

Bronnadh an Gradam as Barr Feabhais Teagaisc 2010 ar an Dr Elaine Doyle, Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais ag an Searmanais Bhronnta mhí Lúnasa 2010.

Bronnadh an Gradam Náisiúnta as Barr Feabhais i gComhtháthú an Taighde, an Teagaisc agus na Foghlama (NAIRTL) ar an Dr Conor Carroll, Roinn na Bainistíochta agus na Margaíochta.

## Daoine a chuaigh ar scor

Chuaigh roinnt daoine a bhí ag obair in KBS leis na blianta ar scor i mbliana.

Chuaigh an tUasal Joe Wallace ar scor tar éis dó 32 bliain a chaitheamh ina léachtóir sinsearach le Caidreamh Tionsclaíoch.

Chuaigh Mary Davern, Bainisteoir Dáimhe, Oifig an Déin ar scor tar éis di 22 bliain a chaitheamh ag obair ann.

Tar éis dó naoi mbliana a chaitheamh ina Dhéan agus dhá bhliain déag ina Dhéan Comhlach, d'éirigh an tOllamh Donal A Dineen as an bpost a bhí aige mar Dhéan Feidhmiúcháin an Choláiste.



# AN TIONAD TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

Oibríonn an tIonad Teagaisc agus Foghlama (CTL) go dlúth leis an bhfoireann acadúil chun straitéis atriallach a fhorbairt chun na próisis teagaisc agus foghlama laistigh agus lasmuigh de champas na hOllscoile a fheabhsú.

## Príomhfhorbairtí

- Ghnóthaigh an Dr Amanda Haynes gradam na hOllscoile do theagasc grúpaí móra agus ghnóthaigh an Dr Patricia Mannix McNamara gradam hOllscoile do theagasc grúpaí beaga. Bhuaigh an Dr David Brancaleone, léachtóir le Léann Comhthéacsúil agus Criticiúil (Mínealaín), Scoil Ealaíon & Dearaidh Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT), Gradam Réigiúnach as Sárchaighdeán Teagaisc agus bhuaigh an Dr Jennifer Schweppe Gradam Náisiúnta NAIRTL as Sárchaighdeán Teagaisc.
- Lean piarbhreathnóireacht ar aghaidh mar fhóram do chomhpháirtithe chun foghlaim ó dhuine eile a bheith ag breathnú orthu agus ó a bheith ag breathnú ar dhaoine eile. Le 29 rannpháirtí nua ag glacadh páirte sa phróiseas le linn na bliana, tá an-luach go deo leis an tionscadal i gcónaí.
- D'fhreastail 494 comhalta foirne de chuid na hOllscoile ar cheardlanna agus ar sheimineáir lóin.
- Bronnadh céim ar an gcéad ghrúpa sa Sain-Dioplóma in Teaching, Learning and Scholarship i Samhradh na bliana 2011.
- Tá tacaíocht fós á tabhairt ag CTL d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí i réimse an teagaisc agus na foghlama agus chuir siad chúig cheardlann san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CDP) ar fáil.
- Cuireadh ceardlanna eile CDP ar fáil freisin (mar shampla i gColáiste Phádraig, Durlas agus EDIN).
- Tá obair ar bun faoi láthar in éineacht le comhaltaí foirne PESS ar thionscadal faoin Mac Léinn mar Chomhairleoir Teagaisc, beidh toradh tosaigh na hoibre ar fáil ag Cruinniú Bliantúil an American Educational Research Association in Vancouver i mí Aibreáin 2012.
- Grúpa oibre d'fhorbairt pórtfóilió teagaisc a éascú do bhaill fhóram na mban.

### Seirbhísí Acmhainní Foghlama Digití na hÉireann (NDLR)

- Tugadh faoi athdhearadh agus faoi fhorbairt láithreán gréasáin CTL agus cuireadh i gcrích é.
- Cuireadh feidhmchláir líonraithe shóisialta, ar nós Twitter agus Facebook, ar láithreán gréasáin CTL.
- Cabhraíodh le grúpa oibre na Chéad Seacht Seachtaine.
- Bunaíodh leathanach Facebook na Chéad Seacht Seachtaine agus rinneadh é a chothabháil.
- Cabhraíodh leis an modúl ar Nuálaíocht Teagaisc ar an Sain-Dioplóma.
- Tacaíodh le hiarratais áitiúla na hOllscoile ar mhaoiniú NDLR d'fhorbairt acmhainní náisiúnta digiteacha.

- Cabhraíodh le láithreán gréasáin a fhorbairt don Technology Enhanced Learning Community of Practice (TELCoP).
- Rinneadh cur i láthair ag Sárthaispeántas TELCoP.
- Rinneadh leathanach gréasáin NDLR a athdhearadh.
- Cabhraíodh le haistriú NDLR ó scéim phíolótach go seirbhís iomlán i mí Aibreáin 2010.
- Glacadh páirt sa tsraith Conversations in the Consortium.
- Cuireadh NDLR chun cinn agus i láthair mar acmhainn CTL i measc phobal acadúil OL.
- Eagraíodh agus reáchtáladh Féile NDLR 2011: sárthaispeántas bliantúil ar acmhainní digiteacha foghlama i mí an Mhárta 2011, ina raibh roinnt tionscadal de chuid Ollscoil Luimnigh ar taispeáint agus san áireamh i seisiúin póstaeir.
- Foilsíodh clár Fhéile NDLR 2011: sárthaispeantas bliantúil ar acmhainní digiteacha foghlama ina raibh ceithre pháipéar a scríobh lucht acadúil de chuid na hOllscoile san áireamh.

### Teicneolaíocht Teagaisc

- Bainistíocht ar an Technology Enhanced Learning Community of Practice in OL, rúnaí Líonra Forbróirí Oideachais na hÉireann (EDIN) agus ball den choiste stiúrtha ar Chumann Theicneolaíocht Foghlama na hÉireann (ILTA).
- Leanadh leis an suirbhé ilinstitiúideach VLE (http://www.nairtl.ie/), ról ceannaireachta. Foilseacháin in AISHE, uimhir speisialta, comheagar ar bhabhta measúnaithe 2011, nuashonraíodh suirbhé na mac léinn, togra NARTL do mhaoiniú, comhtháthú laistigh den fho-ghrúpa taighde ILTA.

### Tacaíocht leanúnach don Chóras Bainistithe Foghlama (Sulis) agus do bhogearraí frithbhradaíola (Turnitin) le:

1. 134 comhalta foirne ag freastal ar chúrsaí oiliúna agus ar sheisiúin chomhairliúcháin TEL agus freagraíodh 447 glao oiliúna, teicniúil agus comhairle (tuairiscí RMS Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise (ITD)).

2. Caighdeán agus feabhsú leanúnach a chinntiú: comhordú ar uasghrádú go leaganacha 2.7 agus 2.8 le ITD, comhordú le deasc seirbhíse ITD agus le ceannaire teicniúil tionscadail, nuashonrú ar gach cáipéisíocht do leagan 2.8 agus cuireadh comhtháthú Tunitin-Sulis i gcrích.

3. Tacaíocht don athbhreithniú straitéiseach ar LMS: bailíodh staitisticí i gcomhair LMS/grúpa ríomhfhoghlama, cuireadh staitisticí FEHS i dtaca le rannpháirtíocht le tionscnaimh ar fáil, seoladh suirbhé na mac léinn 2011, tugadh faisnéis don Tascfhórsa Ríomhfhoghlama i dtaca le haiseolas ón TELCoP, bailíodh cás-staidéir, suirbhé náisiúnta agus cuireadh togra deiridh agus buiséad deiridh ar fáil don Tascfhórsa Ríomhfhoghlama.

### Cuireadh saineolas teicneolaíoch ar fáil do phróiseas measúnaithe na mac léinn ar theagasc (SET):

1. Atheagraíodh próisis, dearadh agus tástáil reatha bogearraí chun tuairiscí a dhéanamh, teimpléid táirgeachta a dhearadh, cur le straitéisí, bunachar carnach de mheasúnuithe na mac léinn ar theagasc a riar agus uathoibriú tuairiscí.

2. Tuairiscí caighdeánacha a chur le chéile (n=195)

3. Cuireadh tuairiscí ar fáil ar éileamh (Tuairisc institiúide SET don Phainéal Athbhreithnithe Institiúide, Tuairisc do Phlean Straitéiseach AHSS i dtaca le rátaí rannpháirtíochta CTL, anailís cháilíochtúil ar fhreagraí mac léinn don 5ú Lá Teagaisc FAHSS, measúnuithe seachtainiúla na Scoile Leighis, tuairisc don Roinn Iriseoireachta).

### Eile

- Rinneadh comhoibriú le tionscadal "Na Chéad Seacht Seachtaine", lena n-áirítear comhdhearadh an ábhair margaíochta, agus measúnú agus tuairisc i gcomhair measúnú láir agus deiridh an chláir.
- Rinneadh iniúchadh ar uirlisí nua i gcomhair TEL agus baineadh triail astu. I measc na n-uirlisí bhí ríomh-phortfóilíonna, ardán ilmheáin, seomraí ranga fíorúla agus córais freagartha lucht féachana.
- Rinneadh comhoibriú leis an tionscadal, "Promoting flexible learning in the Faculty of AHSS for non-traditional students". Maoinithe ag an Aonad Caighdeáin (QIFAC).
- Cuireadh le seacht bhfoilseachán léannta i dtaca le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (dhá cheann acu in iriseáin de chuid Web of Science), le cúig chur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le dhá chur i láthair ag ócáidí institiúide.
- Bhíothas mar bhall den choiste eagarthóireachta de Revista Española de Orientación y Psicopedagogía, rinneadh léirmheastóireacht do Studies in Higher Education, Irish Journal of Management agus EdTech (comhdháil bhliantúil Chumann Teicneolaíochta Foghlama na hÉireann).
- Ceannasaí ar an modúl "Information and Communication Technologies for Intercultural Education", sa Mháistreacht Euro-Latin American in Intercultural Education (Tionscadal ALFA an Choimisiúin Eorpaigh) in éineacht le hOllscoil Náisiúnta Oscailte na Spáinne (UNED).

### Giniúint Ioncaim/Maoiniú

Fuarthas deontas ó Lincs NDLR (€2,400); fuarthas deontas teagaisc NDLR (€15,000); fuarthas leithdháileadh NARTL do EDIN le linn a bheith mar bhall den choiste (€15,000); fuarthas maoiniú QUIFAC ón Oifig Caighdeáin (€5,000).

### Ionad Réigiúnach Scríbhneoireachta, Ollscoil Luimnigh

1. Bhí an 6ú Comhdháil dhébhliantúil idirnáisiúnta de chuid Chumann na hEorpa um Theagasc na Scríbhneoireachta Acadúla (EATAW) ar siúl san Ionad Réigiúnach Scríbhneoireachta i mí an Mheithimh 2011 agus cuireadh fáilte roimh 300 toscaire idirnáisiúnta chun na Ollscoile. Tugtar aitheantas anois don Ionad Réigiúnach Scríbhneoireachta mar ionad sárchaighdeáin in oideolaíocht na forbartha scríbhneoireachta acadúla agus tá ollúnacht an chumainn EATAW ag Ollscoil Luimnigh anois.

2. Le linn na tréimhse seo, bhí ról thar a bheith éifeachtach ag an Ionad Scríbhneoireachta maidir le forbairt nuálach d'fhoghlaimeoirí agus tacaíocht do scríbhneoirí a fhorbairt, ag cur le bunscileanna inaistrithe atá ábhartha do mhic léinn ó gach disciplín. Seo a leanas cuid de na tionscnaimh sin:

    a. Tionscnaimh Ag-Scríobh-sna-Disciplíní a dhearadh, a sheachadadh agus a chomhordú chun comhtháthú na scríbhneoireachta i dtacaíocht cúrsa agus forbairt curaclaim a chur chun cinn. Cuireadh 37 tionscnamh Ag-Scríobh-sna-Disciplíní ar fáil, agus ghlac 1,112 mac léinn ó na dámha ar fad páirt iontu.

    b. Dearadh, seachadadh agus forbairt modúl sa scríbhneoireacht, lena n-áirítear: Academic Literacies 1 & 2; Applied Writing and Editing Skills; Advanced Technical Communication for Engineers; Thesis Writing; agus Peer-tutoring in Academic Writing. Thug 844 mac léinn faoi na modúil seo.

    c. Forleathnú ar an tionscnamh Piartheagaisc duine le duine sa Scríbhneoireacht Acadúil. Ghlac 663 mac léinn fochéime agus iarchéime páirt sna seisiúin chomhairliúcháin scríbhneoireachta duine le duine.

    d. Oiliúint múinteoirí agus luathfhorbairt acadúil a dhearadh, a sheachadadh agus a chomhordú lena n-áirítear modúil ar an Sain-Dioplóma in Teaching, Learning and Scholarship.

    e. Seoladh an tsraith agallamh "How I Write, Ireland" agus cuireadh fáilte roimh an bhfile agus an péintéir cáiliúil Jo Slade mar an chéad aoi.

3. Chomhlíon an tIonad Scríbhneoireachta a ghealltanas go spreagfaí earcaíocht agus iarrachtaí coinneála tríd idirghabháil luath a éascú agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do spriocghrúpaí amhail mic léinn aibí, mic léinn ar chláir Rochtana agus ar bhunchúrsaí agus cainteoirí Béarla neamhdhúchais. Seachadadh 9 dtionscadal do 290 mac léinn aibí réamhiontrála agus mic léinn réamhiontrála ar chláir Rochtana (Ionad Downtown).

4. Tugtar aitheantas don Ionad Scríbhneoireachta mar fhoinse do bhuntáiste iomaíoch a thacaíonn le taighde agus le léann chomh maith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Thug an tIonad deis do ghrúpaí scríbhneoirí iarchéime agus foirne teacht le chéile chun cur le fhoilseachán agus cuireadh seisiúin chomhairliúchán ar fáil do chomhaltaí foirne a bhí ag iarraidh cur lena taighde agus léann féin.

5. Bhí ról tábhachtach ag foireann an Ionaid Scríbhneoireachta maidir le taighde a dhéanamh i réimse an dea-chleachtais i dtaca le scríbhneoireacht agus le hoideolaíocht na scríbhneoireachta, taighde a fhoilsiú in irisleabhair phiarmheasta idirnáisiúnta, ghlac said páirt ar bhoird/líonraí náisiúnta/idirnáisiúnta chun forbairt na scríbhneoireachta a chur chun cinn, d'fhreastail siad ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an scríbhneoireacht agus reáchtáil siad comhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an scríbhneoireacht.

# RANNÓG AN CHOMHAROIDEACHAIS AGUS NA NGAIRMEACHA BEATHA

Tá Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha (CECD) freagrach as cláir Comharoideachais, Cleachtaidh Teagaisc agus Gairmeacha Beatha a fhorbairt in Ollscoil Luimnigh. Le bliain anuas, fuarthas socrúcháin le haghaidh mic léinn i ngach disciplín i líonra Ollscoil Luimnigh de bhreis is 1,700 fostóir. Sna cúinsí geilleagracha seo atá ag dul in olcas i gcónaí, ba é straitéis na Rannóige a cumhdach earnála agus fostóra a fhairsingiú, agus béim faoi leith ar shocrúcháin a fhorbairt in eagraíochtaí ardluacha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, eagraíochtaí atá dian ar chaipiteal, ar scileanna agus ar eolas.

Le breis is 20% de na mic léinn ag tabhairt faoi shocrúchán idirnáisiúnta, tá an-suntas fós leis an gclár socrúcháin idirnáisiúnta san Ollscoil. Tá béim láidir ag an gclár ar chúrsaí airgeadais, TF agus déantúsaíochta. Le bliain anuas, fuarthas socrúcháin do mhic léinn san Eoraip (e.g. Lucsamburg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Bheilg, an Spáinn); Críocha Mheiriceá (SAM, Ceanada, Meicsiceo, an Airgintín); an Afraic (Gána, Uganda, an Afraic Theas); an Áise (an tSeapáin, an tSín); agus an Astraláise (an Astráil, an Nua-Shéalainn, Samó). Faoi chlár Foghlama ar feadh an tSaoil (LLP) AE bronnadh €380,000 ar an Rannóg chun tacú le mic léinn atá ar shocrúchán i mballstáit AE. I gcaitheamh na bliana, roghnaíodh mac léinn de chuid Ollscoil Luimnigh a thug faoi shocrúchán idirnáisiúnta mar ambasadóir mic léinn Erasmus. Roghnaíodh mac léinn de chuid Ollscoil Luimnigh a chríochnaigh socrúchán oibre i Lucsamburg mar Ambasadóir Youth on the Move.

Tá an clár socrúcháin do Chleachtadh Teagaisc is mó sa tír ag Ollscoil Luimnigh. Le bliain anuas, dhaingnigh an Rannóg poist Cleachtaidh Teagaisc do bhreis is 800 mac léinn ó réimse cláir na hOllscoile d'ábhar oidí, a bhfuil 12 chlár fochéime agus iarchéime i gceist leo. Bhí an deis ag na mic léinn seo a bhfoghlaim acadúil a chur i bhfeidhm i bhfíorthimpeallacht ranga i líonra Ollscoil Luimnigh, ina bhfuil 500 scoil rannpháirteach.

Bhí béim láidir ag an CECD ar infhostaitheacht agus cuireann Seirbhís na nGairmeacha clár cuimsitheach ar fáil lena n-áirítear seisiúin chomhairliúcháin aonair ar ghairmeacha, seimineáir faoi ghairmeacha, agallaimh agus cur i láthair ó fhostóirí, fógraí faoi fholúntais poist, agus réimse acmhainní gairmeacha agus acmhainní a bhaineann le staidéar iarchéime. Faigheann na príomhsheirbhísí sin tacaíocht ó sheirbhísí saincheaptha le haghaidh mic léinn aibí, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn iarchéime. I gcás mic léinn dochtúireachta, príomhghné ab ea dearadh agus seachadadh modúl ar Scileanna Bainistíochta Gairme. Léirítear tiomantas na hOllscoile d'infhostaitheacht inár leibhéal ard d'fhostaíocht céimithe, atá os cionn an mheáin náisiúnta go seasmhach. Tugann an suirbhé HEA is déanaí le fios go dtugann 58% de chéimithe na hOllscoile faoi phoist láithreach agus go dtugann 27% de mhic léinn faoi staidéar nó oiliúint bhreise a dhéanamh.

# OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Cuireann Rannóg an Oideachais Idirnáisiúnta (IED) aidhm straitéiseach na hOllscoile i bhfeidhm maidir le béim idirnáisiúnta a chur chun cinn i bpríomhréimsí gníomhaíochta. Leagtar béim faoi leith ar earcú mic léinn idirnáisiúnta ag gach leibhéal – céim iomlán (leibhéal fochéime agus iarchéime), staidéar thar lear agus scoileanna samhraidh – agus malartuithe mic léinn idirnáisiúnta le hollscoileanna comhpháirtíochta san AE agus in áiteanna eile a riar. Chuir Ollscoil Luimnigh fáilte roimh mhic léinn as 97 tír in 2010/11. Déantar mic léinn idirnáisiúnta a shainmhíniú mar mhic léinn nach Éireannaigh iad atá lánaimseartha agus atá anseo ar cuairt.

Bhí IED i mbun gníomhaíochtaí bolscaireachta i raon leathan tíortha, lena n-áirítear Ceanada, an tSín, an India, an tSeapáin, an Chóiré, an Rúis, an Araib Shádach, an Téaváin, an Téalainn agus SAM, ar mhaithe le mic léinn idirnáisiúnta a íocann táille a earcú. Coinníodh seirbhísí beirt ionadaithe sna Stáit Aontaithe (duine ar chósta an Iarthair agus duine ar chósta an Oirthir) chun forbairt a dhéanamh ar an gClár Staidéir Thar Lear agus chun mic léinn fochéime agus iarchéime a earcú. Bhí comhaltaí foirne in IED i dteagmháil le margaí nua amhail an Mhalaeisia agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, chomh maith. Go minic, d'oibrigh IED go dlúth le comhghleacaithe atá in institiúidí eile tríú leibhéal in Éirinn agus i ngníomhaireachtaí éagsúla Stáit de chuid na hÉireann. Rinneadh Oideachas in Éirinn a athbhrandáil i mí an Mhárta 2011.

Shínigh an Ollscoil meabhráin tuisceana nua le hollscoileanna comhpháirtithe nach bhfuil san AE, lena n-áirítear Ollscoil Jiatong, Béising, Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Zheijiang (ZUFE), Ollscoil Polaiteicnic Henan, Ollscoil Léann Iasachta Tianjin agus Ollscoil Teicneolaíochta Shandong, an tSín. Díríonn na comhaontuithe seo ar fhorbairt comhchláir fochéime agus iarchéime den chuid is mó. Chuir Ollscoil Luimnigh fáilte roimh cheathrar mac léinn ar an gclár nua 3+1+1 ó Ollscoil na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta, Béising. Meastar go méadófar an clár seo agus go mbeidh 50 mac léinn USTB ina bhun gach bliain. Faoi láthair, tá IED ag obair le roinnt institiúidí comhpháirtíochta sa tSín chun comhchláir a chur ar bun i réimsí na hinnealtóireachta, an dearaidh, na ríomhchóras agus an ghnó.

In 2010/11, síníodh 20 comhaontú nua do mhalartú mac léinn 22 institiúid Eorpach, agus anois tá 264 ollscoil chomhpháirtíochta AE i gceist, chomh maith le 50 nasc comhpháirtíochta idirnáisiúnta. Rinne 289 mac léinn ó Ollscoil Luimnigh staidéar thar lear faoi chlár Erasmus LLP agus rinne 85 mac léinn staidéar in ollscoileanna taobh amuigh den Eoraip. Tugann an raon cuimsitheach de chomhpháirtithe malartaithe idirnáisiúnta Ollscoil Luimnigh ar fud an domhain deiseanna luachmhara oideachais agus taithí do mhic léinn na hOllscoile agus chomh maith leis sin, cuirtear leis an bpobal idirnáisiúnta ar champas na hOllscoile trí mhic léinn agus lucht acadúil a bheith ar cuairt anseo. Tá líon na gcuairteanna teagascóirí agus foirne ag méadú go seasmhach laistigh den Ollscoil. Tá dul chun cinn tapa á dhéanamh i dtaobh idirnáisiúnú an champais, go háirithe i dtaobh eispéireas idirnáisiúnta a bheith mar chuid fhoirmiúil de chláir acadúla in Ollscoil Luimnigh.

### Figiúirí 2010/2011

| Catagóir | Líon na mac léinn |
|---|---|
| Mic léinn idirnáisiúnta – céim iomlán | 1023 |
| Mic léinn ar cuairt: Staidéar thar lear agus Malartú | 933 |
| Mic léinn malairte OL a théann amach | 374 |
| Mic léinn Taighde Idirnáisiúnta | 159 |

# AN BUANOIDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN

Chuir an Roinn réimse leathan seirbhísí ar fáil do ranna agus do thionscnaimh ar leith. Tháinig laghdú arís ar an éileamh i gcomhair na gclár "Joy of Learning" i mbliana ach is cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh i gcomhair na roghanna foghlama cumaisc éagsúla a chuireann na dámha ar fáil. Cuireann réimse leathan a bhaineann le gníomhachtú an mhargaidh saothair tacaíocht ar fáil i gcónaí do roinnt tionscnamh agus is í an Ollscoil atá chun tosaigh sa mhargadh i dtaca leis na cláir seo a chur ar fáil laistigh den earnáil ollscoile.

Tá an Roinn fós gníomhach i roinnt tionscadal Eorpach a tharraingíonn dea-cháil ar an Ollscoil agus a mhéadaíonn an bhaint atá ag an Ollscoil le roinnt líonraí tábhachtacha. Dhá mhór fhorbairt is ea Ionad Downtown agus SSIRL - Tacaíocht don Chuimsiú Sóisialta agus Athbheochan i Luimneach.

Tá tuairisc mhionsonraithe orthu siúd thíos.

## Ionad Downtown

Cuirtear seirbhísí tacaíochta réamhiontrála ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus d'fhoghlaimeoirí eile trí Ionad Downtown i gCathair Luimnigh, tionscadal de chuid Chuibhreannas Shionainne a bhfuil Ollscoil Luimnigh ina páirtí ceannasach air, tríd an Roinn Buanoideachais agus For-rochtana. Bhí Ionad Downtown ar an saol le ceithre bliana sa bhliain 2010/11, agus rinne páirtithe Chuibhreannas Shionainne príomhshruthú ar an ionad agus d'aistrigh siad go Cé Sheoirse i mí Dheireadh Fómhair 2010. Osclaíodh Ionad Downtown go hoifigiúil i mí Feabhra 2011 chun ceiliúradh a dhéanamh ar a suíomh buan nua agus ar chomhoibriú leanúnach Chuibhreannas Shionainne ar an tionscadal.

Cuireadh comhairle oideachais réamhiontrála ar fáil saor in aisce do 236 cliant seachtrach in 2010/11 agus cuireadh comhairle oideachais ar fáil do 46 cliant eile ag an Ionad Foghlama Réigiúnach in Inis. Arís eile, rinne Ionad Downtown seachadadh agus comhordú ar an Teastas in General Studies, bonnchúrsa réamhiontrála don oideachas tríú leibhéal. Cuireadh an Teastas ar fáil san Ionad Foghlama Réigiúnach in Inis chomh maith. Fuarthas an maoiniú don chlár ón tionscnamh um Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair. Thug 27 duine as an 39 rannpháirtí ar éirigh leo faoi chúrsaí tríú leibhéal i mí Mheán Fómhair 2011. Reáchtáil Ollscoil Luimnigh agus an Roinn an Bhuanoideachais agus For-rochtana searmanas bronnta i gcomhair rannpháirtithe an chláir 2009/10 i mí Eanáir 2011.

Chomhordaigh Ionad Downtown an tionscnamh maoinithe DELL EGF ar son na hOllscoile le linn 2010/11. Ghlac Ionad Downtown páirt i roinnt ócáidí idirghníomhaireachta i rith na bliana chomh maith, chomhordaigh sé an rannpháirtíocht tríú leibhéal sa Limerick Lifelong Learning Festival i mí an Mheithimh 2011 chomh maith leis an ócáid infhostaitheachta Tús Nua i mí na Bealtaine 2011.

### Nuálaíocht Straitéiseach san Oideachas - SIE
### Ag tacú leis an Uilechuimsitheacht Shóisialta agus leis an Athnuachan i Luimneach - SSIRL

Thug an fhoireann um an Nuálaíocht Straitéiseach san Oideachas (SIE), a bhunaigh an Ollscoil mar fhreagairt ar Chlár Athnuachana Luimnigh, thug siad chun críche infheistíocht 15 mhí a thacaigh le cuspóirí athghiniúna sóisialta ag deireadh 2010. Thug an clár sin, a fuair infheistíocht ó Atlantic Philanthropies, ó Chlár Athnuachana Luimnigh agus ó OL, deis do ghníomhaíochtaí suntasacha comhoibritheacha pleanála agus forbartha sna hearnálacha reachtúla, pobail agus deonacha i Luimneach, go háirithe sna réimsí seo a leanas: i) sofhreagracht, caighdeán agus lánpháirtíocht fheabhsaithe seirbhíse agus ii) rannpháirtíocht fheabhsaithe an phobail sa chlár athnuachana.

Ach a ndearna an SIE idirbheartaíocht nach beag sa dá ráithe dheireanacha de 2010, cinntíodh infheistíocht bhreise trí bliana ó na comhpháirtithe infheistíochta réamhluaite. *Ag Tacú leis an Uilechuimsitheacht Shóisialta agus le hAthnuachan Luimnigh (SSIRL)* a tugadh ar an mbabhta sin infheistíochta agus b'ann dó chun *luach a chur* le cuspóirí sóisialta Chlár Athnuachana Luimnigh, ach acmhainní geallta na gcomhpháirtithe infheistíochta a úsáid ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:

- cur le hacmhainn na ngníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha i Luimneach d'fhonn seirbhísí príomhshrutha agus cláir atá spriocdhírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú;
- cur leis an gcreat foghlama laistigh den chlár níos leithne Athnuachana i Luimneach;
- eiseamláir d'infheistíocht san uilechuimsitheacht shóisialta i Luimneach a chur i láthair;
- dea-chleachtas i Luimneach a shonrú lena bhféadfaí dul i gcionn ar bheartas sóisialta go náisiúnta.

Tabharfar faoin gcuspóir leathan sin ach a mbunófar *Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Cláir* a bhronnfar ar chuibhreannais áitiúla sna hearnálacha deonacha, pobail agus reachtúla a bheidh ag iarraidh *dea-chleachtas i dtaca leis an uilechuimsitheacht shóisialta a threisiú* agus/nó *cleachtas nuálach a thabhairt isteach* a thacóidh leis an Athnuachan. Caitheadh formhór na bliana 2011 ag cur córais agus socruithe cuí i bhfeidhm a chinnteoidh riaradh trédhearcach agus cuntasach an chiste. Tabharfar cuireadh do chuibhreannais thábhachtacha straitéiseacha ilghníomhaireachta sa ráithe deiridh den bhliain.



# CAIGHDEÁN

Déanann an tAonad Tacaíochta Caighdeáin (QSU) bainistíocht ar athbhreithnithe caighdeáin sna ranna acadúla agus tacaíochta agus déanann sé maoirsiú ar reáchtáil réimse leathan de thionscnaimh agus de ghníomhaíochtaí feabhsaithe caighdeáin. Tá cúrsaí caighdeáin neadaithe anois i ngníomhaíochtaí uile na hOllscoile agus úsáidtear na torthaí a bhíonn ag an lear mór de thionscnaimh feabhsaithe caighdeáin mar bhunús do phleanáil straitéiseach agus do chinnteoireacht. Tá an dara timthriall d'athbhreithnithe ar ranna acadúla ar bun agus is é an Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Dearbhú Caighdeáin de chuid an Údaráis Rialaithe atá freagrach as ceisteanna caighdeáin.

Áirítear ar obair QSU ranna a ullmhú dá n-athbhreithniú, an próiseas athbhreithnithe a bhainistiú agus obair leantach i ndiaidh an athbhreithnithe a threorú. Le linn Bhliain Acadúil 2010/11, bhí na ranna seo a leanas páirteach sna próisis sin mar seo a leanas:

| **Roinn** | **Céim sa phróiseas athbhreithnithe** |
|---|---|
| Innealtóireacht Déantúsaíochta agus Oibriúchán | Páirteach sa phróiseas leantach i ndiaidh cuairt athbhreithnithe 2009/10 |
| Eolaíochtaí Ceimiceacha & Imshaoil | Páirteach sa phróiseas leantach i ndiaidh cuairt athbhreithnithe 2009/10 |
| Oideachas & an Léann Gairmiúil | Páirteach sa phróiseas leantach i ndiaidh cuairt athbhreithnithe 2009/10 |
| Eolaíochtaí Beatha | Páirteach sa phróiseas leantach i ndiaidh cuairt athbhreithnithe 2009/10 |
| Ríomheolaíocht agus Córais Faisnéise | Athbhreithniú déanta in 2010/11 |
| Fisic & Fuinneamh | Athbhreithniú déanta in 2010/11 |
| Scoil an Dlí | Athbhreithniú déanta in 2010/11 |
| Innealtóireacht Shibhialta agus Eolaíocht Ábhar | Ag ullmhú le hathbhreithniú a dhéanamh in 2011/12 |
| Cuntasaíocht agus Airgeadas | Ag ullmhú le hathbhreithniú a dhéanamh in 2011/12 |
| Dámh Chruinne Éireann - Rince agus Ceol | Ag ullmhú le hathbhreithniú a dhéanamh in 2011/12 |
| Bainistíocht agus Margaíocht | Ag ullmhú le hathbhreithniú a dhéanamh in 2011/12 |

I rith an Fhómhair sa bhliain 2011, tabharfaidh an ollscoil faoi Athbhreithniú Institiúide faoi choimirce an IUQB agus leanfar ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí i ndiaidh an athbhreithnithe i rith na bliana 2012.

Lean an QSU ar aghaidh i rith na bliana ag tacú le tionscadail feabhsaithe caighdeáin faoi scéim QIFAC (Coiste Leithdháilte an Chiste Feabhsaithe Caighdeáin). Rinne na ranna acadúla agus tacaíochta comhchistiú ar gach tionscadal.

Cuireadh an Suirbhé Fágála ar gach céimí nua agus foilsíodh na torthaí don dara huair. Tugadh faoi shuirbhé den chineál céanna i gColáiste Mhuire gan Smál.

Bhí páirt ghníomhach ag an QSU i roinnt mórthionscnamh leis an nGrúpa Oifigeach Caighdeáin de chuid Chumann Ollscoileanna Éireann agus le Bord Caighdeáin Ollscoileanna na hÉireann.

# AIRGEADAS

## Ioncam

Mhéadaigh an t-ioncam go €119.39 milliún ó €117.63 milliún agus léiríonn sé sin fás 1.5% ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú ó €55.59 milliún go €48.66 milliún, sin laghdú 12.5%, ar dheontais ón stát, agus tháinig ardú 14.1% ar tháillí ó mhic léinn, ó €55.84 milliún go €63.69 milliún, rud a léiríonn cinneadh an Stáit muirear seirbhíse na mac léinn a mhéadú go mór ach an deontas ón Stát a laghdú faoina chomhshuim.

Tháinig méadú ar an ioncam ó fhoinsí eile ó €6.20 milliún go €7.04 milliún, sin fás 13.6% a tharla de thoradh ar ioncam méadaithe ó tháillí mac léinn nach ón AE iad agus ar ioncam úis.

## Caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara

Thit an caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara ó €118.70 milliún go €115.77 milliún, arb ionann é sin agus laghdú 2.5%. Laistigh de sin thit costais phá 4.6% de thoradh ar ghearradh pá idir 5% agus 15% a ghearr an Stát ar gach oibrí sa Státseirbhís le héifeacht ón 1 Eanáir 2010, rud a chuaigh i bhfeidhm ar chaiteachas 9 mí sna ráitis airgeadais seo. Is ionann pá agus 68% den chaiteachas sin (2009: 69%). Is ar Choláistí agus ar Ranna a chaitear 76% den chaiteachas iomlán pá fós gan pinsin a chur san áireamh (2009: 76%).

## Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe

Laghdaigh ioncam ó Thaighde ar Conradh 17.9% ó €31.02 milliún go €25.47 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Tar éis fhás na mblianta, is díol imní é an t-athrú seo agus léiríonn sé an deacracht atá ann tionscadail taighde a mhealladh agus cúrsaí airgid mar atá siad faoi láthair.

Thit an caiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe 3.6% ó €17.69 milliún go €17.06 milliún, rud a léiríonn, arís eile, tionchar diúltach na gcúinsí geilleagair ar iarrachtaí leanúnacha na hOllscoile ioncam nach ón Stát é a mhéadú.

## Clár Caipitil

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €29.1 milliún i rith na bliana, bhain €3.9 milliún le trealamh agus bhain an chuid eile le talamh agus foirgnimh.

Caitheadh €5.5m i rith na bliana ar fhoirgneamh nua do Dhámh Chruinne Éireann - Rince agus Ceol ar thaobh an Chláir den champas agus osclaíodh an foirgneamh sin i mí Mheán Fómhair 2010. Spás cois abhann atá ann do cheoltóirí, rinceoirí, cumadóirí, amhránaithe, stiúrthóirí agus córagrafaithe. Ar na tionscadail eile a ndearnadh obair shuntasach orthu i rith na bliana tá Foirgneamh Scoil na gCéimithe Leighis agus Cóiríocht na Scoile Leighis agus Foirgneamh Uí Thiarnaigh ina mbeidh an tIonad Taighde Innealtóireachta Bogearraí (Lero) agus Gorlann Uí Thiarnaigh.

Tá clár forbartha fisiciúla na hOllscoile á chur i bhfeidhm go rathúil de bharr na gcistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ó fhoinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

D'fhorbair Oifig Soláthair agus Slabhra Soláthair OL, lena comhpháirtithe i gCuibhreannas Shionainne, Céim a 1 de Líonra Soláthair Chuibhreannas Shionainne. Cuireadh tús le Céim a 2 den chuibhreannas i mí Eanáir 2012, agus ocht n-institiúid teicneolaíochta eile rannpháirteach. Oibríocht seirbhísí roinnte é an Cuibhreannas atá lonnaithe in Ollscoil Luimnigh. Cuireann sé seirbhísí soláthair ar fáil do na ceithre institiúid ardoideachais. Soláthraíonn an Cuibhreannas seirbhísí soláthair ar leithligh do gach institiúid chomh maith le caiteachas a chomhbhailiú thar ceann na gceithre institiúid agus lorgaíonn sé tairiscintí mar aonán amháin. Is iad na haidhmeanna atá ann próiseas soláthair éifeachtúil a chur ar fáil do na ceithre chomhpháirtí ar fad agus ag an am céanna

úsáid a bhaint as na barainneachtaí scála ó chomhbhailiú chun coigilteas agus próisis níos éifeachtúla a sholáthar.

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA** — **DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR**

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 48,658 | 55,591 |
| Táillí na Mac Léinn | 2 | 63,692 | 55,838 |
| Ioncam Eile | 3 | 7,041 | 6,200 |
| | | 119,391 | 117,629 |
| Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe | 4 | 42,533 | 48,710 |
| | | 161,924 | 166,339 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 21,079 | 21,397 |
| Táillí na Mac Léinn | | 9,693 | 9,408 |
| Lúide Suim Aistrithe go Coláiste | | (30,772) | (30,805) |
| **Iomlán** | | **161,924** | **166,339** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláiste agus Ranna | 5 | 65,686 | 67,741 |
| Acadúil agus Seirbhísí Eile | 6 | 10,164 | 11,144 |
| Áitribh | 7 | 12,755 | 12,684 |
| Suim Leithroinnte i leith Úsáid Chaipitil | 8 | 1,591 | 1,487 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí | 9 | 10,862 | 10,449 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 1,935 | 1,946 |
| Seirbhísí na Mac Léinn | 11 | 3,783 | 3,955 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 8,994 | 9,293 |
| | | 115,770 | 118,699 |
| Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe Tionscadail | 4 | 42,533 | 48,710 |
| **Iomlán** | 13 | **158,303** | **167,409** |
| **Barrachas/(easnamh) ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Cúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Cuimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Seasta** | | **3,621** | **(1,070)** |
| (Easnamh)/Barrachas ar Sheirbhísí Cuimhdeacha | 14 | **(153)** | **97** |
| Dímheas ar Shócmhainní Seasta | 15 | **(10,743)** | **(10,327)** |
| Gluaiseacht ar Chúlchiste Ginearálta | 16 | **10,896** | **10,230** |
| **BARRACHAS/(EASNAMH) GLAN don bhliain** | 24 | **3,621** | **(1,070)** |

## OLLSCOIL LUIMNIGH

**CLÁR COMHARDAITHE** **DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 356,899 | 339,157 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 6,274 | 18,800 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 60,989 | 55,108 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 15,350 | 14,097 |
| | | 76,339 | 69,205 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Carntha | 21 | (83,680) | (81,421) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA/(DLITEANAIS)** | | (7,341) | (12,216) |
| **DLITEANAIS FADTRÉIMHSEACHA** | | | |
| Creidiúnaithe le híoc tar éis bliain amháin | 27 | (13,197) | (14,425) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS IOMLÁNA** | | **342,635** | **331,316** |
| **DÉANTA SUAS DE** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 320,330 | 312,864 |
| Cúlchistí Teoranta | 23 | 24,345 | 24,113 |
| Easnamh Ioncaim | 24 | (2,040) | (5,661) |
| | | **342,635** | **331,316** |

# TAIGHDE

Táimid meáite ar thaighde ar mhaithe le sochair airgid agus shóisialta. Is iad na príomhthréithe a bhaineann leis seo comhchruinniú disciplíní scoite ag obair le chéile chun fionnachtana bunúsacha a bhaint amach agus ag an am céanna ag glacadh le cur chuige aistritheach chun a chinntiú go n-aistrítear torthaí taighde níos tapúla i dtreo an tráchtálaithe.

## An Oifig Taighde

Tá an Oifig Taighde, faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin Taighde, freagrach as treoir straitéiseach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hOllscoile agus as tacú leo agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá trí roinn san Oifig Taighde:

1. Seirbhísí Tacaíochta Taighde a chuireann cúnamh agus faisnéis ar fáil do thaighdeoirí i dtaca le réimse clár taighde maoinithe a dtacaíonn gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.
2. Scoil na nIarchéimithe a thacaíonn le forbairt agus le seachadadh clár iarchéime taighde agus múinte ar fud na hOllscoile agus a chuireann réimse seirbhísí tacaíochta ar fáil do mhic léinn iarchéime
3. An Oifig Aistrithe Teicneolaíochta a thacaíonn le gníomhaíocht nuálach na hOllscoile agus a chinntíonn go dtéitear sa tóir ar dheiseanna d’fhorbairt tráchtála maoine intleachtúla na hOllscoile agus go gcuirtear i bhfeidhm iad.

## Príomhfhorbairtí

- Is comhpháirtí é Institiúid Taighde Stokes sa CTVR, an t-ionad taighde teileachumarsáide, ar ar bronnadh maoiniú de bhreis ar €19 milliún faoi chlár an Ionaid SFI don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht. Stiúrann Institiúid Taighde Stokes an snáithe bainistithe teirmeachta de chlár taighde an CTVR.
- Bronnadh breis is €2 mhilliún ar thaighdeoirí na hOllscoile do thrí dhámhachtain Príomhthaighdeora de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) chun taighde a dhéanamh ar núicléatú criostail ar chomhdhúilí cógaisíochta, ardábhair ardteochta giniúna cumhachta, agus bogearraí ríomha éabhlóideacha d'ailtireachtaí ríomhaireachta ilchroíthe. Bronnadh ceithre dhámhachtain eile ar thaighdeoirí na hOllscoile faoin gClár Research Frontiers de chuid SFI, arbh ionann iad agus maoiniú de bhreis ar €0.5 milliún.
- Bhronn Fiontraíocht Éireann breis is €1.8 milliún ar an Ollscoil faoin gclár Comhpháirtíochta Nuálachta, a raibh comhthionscadail idir Ollscoil Luimnigh agus lucht tionscail i gceist. Ar na réimsí taighde a clúdaíodh bhí nuálaíocht i bpróisis déantúsaíochta, micrileictreonaic, ábhair d'fheistí leighis, agus stoc cothaithe eachaí.
- Bhronn Fiontraíocht Éireann agus an IDA breis is €1.3 milliún ar an Ollscoil faoi chlár na nIonad Inniúlachta, a bhain le Micrileictreonaic, Éifeachtacht Fuinnimh agus Cumas Iomaíochta Déantúsaíochta.
- Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) maoiniú ar an Ollscoil do 14 scoláireacht iarchéime, 4 scoláireacht iarchéime de chuid na Scéime Comhpháirtíochta Fiontair mar aon le Comhaltacht Iardhochtúireachta Empower de chuid Rialtas Éireann i réimse na hEolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta, arbh fhiú breis is €1.2 milliún iad.
- Bhronn an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) maoiniú ar an Ollscoil do 10 scoláireacht iarchéime, d'aon chomhaltacht iardhochtúireachta amháin, mar aon le 4 dhámhachtain do Thionscnaimh Forbartha Taighde, arbh fhiú breis is €0.8 milliún iad.
- Bronnadh breis is €1 mhilliún i maoiniú Creata an AE i raon réimsí téamacha, lena n-áirítear ICT, Iompar agus Taighde ar mhaithe le Gnóthais Bheaga agus Mheánacha (SME).

- Fuarthas 23 faisnéisiú fionnachtana ó thaighdeoirí na hOllscoile, rinneadh 8 n-iarratas ar phaitinní nua agus ceadaíodh 2 chomhlacht campais nua, ALR Innovations agus Poly Pico Technologies Ltd, mar Chomhlachtaí Campais Ollscoil Luimnigh.
- Síníodh 8 gcomhaontú ceadúnais le comhlachtaí atá bunaithe in Éirinn chun tráchtálú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí a d'eascair as gníomhaíochtaí taighde Ollscoil Luimnigh.
- Chuathas i mbun 60 comhaontú taighde le lucht tionscail, a chlúdaíonn raidhse réimsí idir sheirbhísí tástála a chur ar fáil agus chomhoibriú le cúrsaí taighde. D'éirigh le taighdeoirí na hOllscoile, a bhfuil baint acu le Lero, maoiniú taighde a fháil ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, arbh fhiú breis is €350,000 é.
- Bhuaigh foireann thrasdisciplíneach cliniceoirí agus innealtóirí bithleighis atá bunaithe san Ionad Taighde Innealtóireachta Bithleighis Feidhmithí (CABER) in Institiúid na nÁbhar agus na hEolaíochta Dromchla (MSSI) in Ollscoil Luimnigh an chéad Ghradam Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann agus an Cleveland Clinic. Mar chuid den dámhachtain sin tá deontas $15k do staidéar féideartha mar aon le meantóireacht ón Cleveland Clinic i Meiriceá.



## Figiúirí Iarchéime

***Líon na mac léinn iarchéime taighde cláraithe, 2010/11***

| Dámh | Máistreacht L/A | Máistreacht P/A | Iomlán Máistreachta | PhD L/A | PhD P/A | Iomlán PhD | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dána, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta | 8 | 0 | 8 | 133 | 12 | 145 | 153 |
| Gnó | 2 | 5 | 7 | 42 | 28 | 70 | 77 |
| Oideachas & Eolaíochtaí Sláinte | 23 | 10 | 33 | 54 | 27 | 81 | 114 |
| Idirdhámh | 0 | 0 | 0 | 5 | 0 | 5 | 5 |
| Dámh Chruinne Éireann - Rince & Ceol | 0 | 0 | 0 | 21 | 3 | 24 | 24 |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 66 | 17 | 83 | 318 | 58 | 376 | 459 |
| | | | | | | | |
| **Iomláin** | **99** | **32** | **131** | **573** | **128** | **701** | **832** |

***Líon na mac léinn iarchéime múinte cláraithe, 2010/11***

| Dámh | Máistreacht L/A | Máistreacht P/A | Iomlán Máistreachta | Diop Iarchéime L/A | Diop Iarchéime L/A | Iomlán Diop Iarchéime | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dána, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta | 214 | 33 | 247 | 16 | 0 | 16 | 263 |
| Gnó | 179 | 122 | 301 | 0 | 0 | 0 | 301 |
| Oideachas & Eolaíochtaí Sláinte | 167 | 57 | 224 | 209 | 126 | 335 | 559 |
| Dámh Chruinne Éireann - Rince & Ceol | 65 | 0 | 65 | 0 | 0 | 0 | 65 |
| Idirdhámh | 0 | 0 | 0 | 0 | 15 | 0 | 15 |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 140 | 22 | 162 | 53 | 6 | 59 | 221 |
| | | | | | | | |
| **Iomláin** | **765** | **234** | **999** | **278** | **147** | **410** | **1424** |

# SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA

## Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Soláthraíonn Rannóg Gnóthaí na Mac Léinn réimse lárnach cuimsitheach de sheirbhísí tacaíochta agus riaracháin acadúil do na mic léinn go léir in OL. Seo a leanas struchtúr trí bhunchloch na Rannóige:

1. Déanann an **Oifig Iontrála** agus **Oifig Riarachán Acadúil na Mac Léinn** bainistiú ar phróiseáil shaolré acadúil na mac léinn ón tráth réamhiontrála go dtí an tráth bronnta céime agus téann sí i mbun móroibríochtaí na hOllscoile amhail ionduchtú mac léinn, sceidealú ranganna agus scrúduithe agus bronnadh céimeanna.
2. Cuireann an **tIonad Sláinte do Mhic Léinn**, an **tSeirbhís Chomhairliúcháin**, an **tSéiplíneacht** agus an **Oifig Ealaíon** raon leathan seirbhísí sláinte agus tacaíochta ar fáil lena chinntiú go ndéantar soláthar do leas meabhrach, fisiciúil agus spioradálta na mac léinn agus dá bhforbairt shóisialta, chultúir agus mhothúchánach agus iad a bhainistiú ar bhealach iomlánaíoch.
3. Cuireann **Seirbhísí Rochtana faoi Mhíbhuntáiste, Seirbhísí do Mhic Léinn Lánfhásta, Seirbhísí Tacaíochta Míchumais** agus **an Oifig Idirchaidrimh don Phobal** tacaíochtaí agus seirbhísí speisialaithe agus tiomnaithe ar fáil do na mic léinn sin nach ndéantar ionadaíocht mhaith orthu.

Is ann do na tacaíochtaí agus na seirbhísí ar fad atá curtha ar fáil ag Gnóthaí na Mac Léinn chun freastal ar riachtanais na mac léinn agus chun cur le heispéireas na mac léinn san Ollscoil. Tá Rannóg Gnóthaí na Mac Léinn ag tabhairt a plean straitéiseach féin chun críche faoi láthair, plean atá ag teacht go láidir le Plean Straitéiseach na hOllscoile (2011-2015) agus a dhíríonn go príomha ar Eispéireas Mhic Léinn Ollscoil Luimnigh agus ar Rannpháirtíocht sa Phobal. Déantar seirbhísí agus tacaíochtaí a fheabhsú go leanúnach chun freastal ar riachtanais na mac léinn; pobal atá ag fás agus ag éirí níos éagsúlaí i gcónaí.

Tá baint ag an Rannóg freisin le forbairt beartais (e.g. beartas Rochtana, beartas Iontrála) agus le forbairt agus cothabháil córas (e.g. clárú ar líne, córas taifid mac léinn, socrú amchláir).

Díríonn roinnt de na coistí a bhfuil Stiúrthóir Ghnóthaí na Mac Léinn mar chathaoirleach orthu nó páirteach iontu, lena n-áirítear Coiste Ghradaim Oibrithe Deonacha an Uachtaráin, Beartas Alcóil, Rochtain an Údaráis Rialaithe agus Coiste Ghnóthaí na Mac Léinn, ar thaithí na mac léinn san Ollscoil a fheabhsú.

Leanann an Oifig Rochtana Míbhuntáiste (Socheacnamaíoch), na Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an Oifig Iontrála ar aghaidh ag glacadh ról ceannasaíochta go náisiúnta ar mhaithe le hollscoileanna na hÉireann ar fad agus le roinnt institiúidí teicneolaíochta maidir le scéimeanna HEAR (Bealach Rochtana ar Ardoideachas) agus DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas) a fhorbairt ar bhonn leanúnach (do 2011/12) agus a aistriú chuig an CAO.

Tacaíonn an Oifig Idirchaidrimh don Phobal le spriocanna rochtana na hOllscoile trí chomhoibriú le ranna acadúla agus eile agus trí oibriú le comhpháirtithe oideachais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Bainistíonn an oifig, freisin, Clár Ghradaim Oibrithe Deonacha an Uachtaráin (PVA), ina n-oibríonn mic léinn ar son pobal faoi mhíbhuntáiste trí obair dheonach a dhéanamh ar feadh idir

20 agus 60 uair an chloig le linn na bliana, in eagraíocht dheonach sheachtrach, i gClub/Cumann Aontas na Mac Léinn, Ollscoil Luimnigh, nó i roinn inmheánach de chuid na hOllscoile.

Tá roinnt tionscadal arna maoiniú ag SIF a bhaineann le bunchloch na Rochtana tugtha chun críche: rinneadh príomhshruthú ar roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear Clár na Mac Léinn Ambasadóireachta agus Clár Piarmheantóireachta na Mac Léinn Lánfhásta. Tá tionscadail eile (a mhaoinigh SIF ar dtús) á gcur i bhfeidhm go leanúnach, ar nós Rang 2013, Tionscnaimh don Lucht Siúil agus Ionad Cáipéisíochta agus Measúnaithe na Teicneolaíochta Cúnta (ATAC). Tá tionscadal nua atá á fhorbairt agus ag teacht chun cinn (a bhfuil baint ag UCC agus OÉG leis) – Comhaontas Rochtana Réigiúnach an Iardheiscirt – ag scrúdú bealaí le seirbhísí agus gníomhaíochtaí riachtanacha a bhaineann le rochtain a roinnt, lena n-áirítear teicneolaíocht chúnta, cláir réamhiontrála agus iar-iontrála agus acmhainní teagaisc agus foghlama.

I rith 2010/11 bhí éilimh mhéadaithe ar bhuiséid ach ag an am céanna leagadh béim níos mó i nGnóthaí na Mac Léinn ar úsáid na teicneolaíochta, teachtaireachtaí SMS do mhic léinn agus eolas agus físeáin ar líne a bheith ar fáil do mhic léinn. Díríonn Gnóthaí na Mac Léinn ar thacaíocht teicneolaíochta d’fhormhór a cuid próiseas.

Tháinig méadú cuimsitheach ar an éileamh a bhí ar Chiste Cúnaimh na Mac Léinn agus ar Chiste Cruacháis na Mac Léinn.



## Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise

Soláthraíonn Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise (ITD) seirbhísí ríomhaireachta, closamhairc, priontála, postais agus teileafóin d'fhoireann agus do mhic léinn na hOllscoile.

### Príomhfhorbairtí

- Íoc ar líne do tháillí iarratais iarchéime (cúrsaí múinte)
- Tuairisciú grád ar líne do na dámha
- HEAR agus DARE http://www.ul.ie/news-centre/news/ul-leads-the-way-in-facilitating-inclusivity-in-education
- Rinneadh éascaíocht do chumais HEAnet i réigiún na Mumhan agus cuireadh leo.
- Rinneadh athnuachan ar chártaí aitheantais na Mac Léinn agus na Foirne d'fhonn teicneolaíochtaí RFID agus slise a thabhairt san áireamh
- Rinneadh fíorúlú ar phríomhfhreastalaithe fiontraíochta na hOllscoile
- Cruthaíodh cumas te-fhuireachais do sheirbhísí faoi leith ar an gcampas thuaidh
- Rinneadh athsholáthar ar an líonra croíláir agus ar líonra Ghráig na Mac Léinn, ar an mballa tine agus ar bhonneagar an tSeomra Priontála
- Tugadh Dámh Chruinne Éireann - Rince agus Ceol, Foirgneamh Uí Thiarnaigh, agus Teach an Uachtaráin isteach ar bhonneagar IT na hOllscoile.
- Tugadh feidhm ar líne de réir a chéile d'Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí mar aon le tairseach Cúnaimh a chuimsíonn Ceisteanna Coitianta, físeáin Conas a dhéantar... agus comhairle eile
- Comhoibriú le Cuibhreannas Shionainne ar chreat Nósanna Imeachta PC/Ríomhaire Glúine
- Tugadh isteach trealamh priontála táirgeachta, is é sin Xerox Nuvera 144EA agus Xerox Docucolor 7002



# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Éascaíonn Rannán na Leabharlainne agus Seirbhísí Faisnéise (LISD) teagasc, foghlaim agus taighde in Ollscoil Luimnigh trí acmhainní scoláireachta, seirbhísí faisnéise agus saoráidí foghlama saindírithe ar ardchaighdeán a sholáthar.

### Rinneadh na forbairtí seo a leanas i rith na bliana:

- Ar cheann de na forbairtí ba shuntasaí de 2010/11 ba ea *Cartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann* a bhunaigh an Leabharlann agus Dámh Chruinne Éireann - Rince agus Ceol. Cuirfidh sé sin go mór le cultúr agus stair an rince in Éirinn. Bailíonn an chartlann ábhar a bhaineann le rince in Éirinn i dtaca le gach seánra, lena n-áirítear bailé agus rince traidisiúnta, comhaimseartha, uirbeach agus domhanda agus an t-ábhar sin a chur ar fáil. Is mian leis an gCartlann naisc a chruthú le rinceoirí, le scoláirí, le córagrafaithe, le comhlachtaí agus le heagraíochtaí rince sa phobal níos leithne. Thug an Chomhairle Ealaíon agus Fóram Taighde Rince na hÉireann tacaíocht d'fhorbairt Chartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann.

- Lean an Leabharlann ar aghaidh ag oibriú le foireann gach roinne chun bailiúcháin shuntasachta leabharlainne a chur le chéile a thacóidh le taighde agus le teagasc san Ollscoil. Leagadh béim faoi leith i mbliana ar bhailiúcháin a fhorbairt agus a leathnú i réimsí na hailtireachta, bainistíocht eitlíochta, síceolaíocht, dearadh na meán digiteach agus na meán nua, mar aon le hacmhainní teagaisc a thiomsú. Leanadh ar aghaidh, freisin, ag foilsiú leabhar go leictreonach, agus chuir Coiste Forbartha Acmhainní Faisnéise na Leabharlainne lamháltas nach beag ar fáil chun bailiúchán ríomh-leabhar na Leabharlainne a fhorbairt. Leagadh béim faoi leith ar ríomh-leabhair aonair a cheannach sna disciplíní go léir sa chás go raibh gá leis an iliomad cóipeanna de théacs faoi leith agus sa chás go raibh líon mór mac léinn ag déanamh cianstaidéir ar ábhar faoi leith. Ar na leabhair ba shuntasaí a cuireadh leis an ríomh-bhailiúchán, tá Blackwell Reference Online agus Dictionary of Irish Biography, mar aon le bailiúchán IEEE/Wiley, bailiúchán Ovid, bailiúchán Economic Thought, Theory & History, bailiúchán Stanford Executive Briefings agus Palgrave Macmillan Back Catalogue of Business and Management.

- Thug an Leabharlann faoi thionscadal mór athchóiriúcháin i rith shamhradh na bliana 2011, rud a rinne feabhsuithe nach beag ar an timpeallacht foghlama do gach léitheoir. Cuireadh gloine um an dá aitriam, rud a laghdaigh go mór an torann a bhí le cloisteáil ar fud an fhoirgnimh. Chuir sé sin ar ár gcumas limistéir staidéir chiúine agus thosta a chur ar fáil mar aon le limistéar beag comhstaidéir ar bhonn trialach. Tháinig borradh faoin Seomra Coitinn Léitheoireachta mar spás staidéir a chothaíonn an fhoghlaim, an staidéar agus an machnamh. Feabhsaíodh naisc líonra sreinge agus Wi-Fi d'fhonn deis a thabhairt do mhic léinn a bhfearais IT féin a úsáid chun teacht ar raon leathan acmhainní ar líne trínar ngréasán IT. Chuir na forbairtí sin ar ár gcumas raon timpeallachtaí staidéir a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ionchais na mac léinn.

- Ón mbliain 2008 i leith, tá an Leabharlann ag oibriú i dtreo aon phointe amháin seirbhíse do gach úsáideoir trí dheasca seirbhísí a nascadh de réir a chéile agus na seirbhísí sin a athlonnú chuig áiteanna níos lárnaí san fhoirgneamh. Tugadh an obair sin chun críche in 2011, nuair a cuireadh ionad eolais do gach seirbhís faisnéise agus leabharlainne ar fáil in áit lárnach ar urlár na talún. Cuireann na Deasca Eolais, a bhfuil cuma botha orthu, seirbhís atá níos dírithe ar na mic léinn ar fáil i bhfoirm seirbhíse comhairleoireachta. Tá Leabharlann na hOllscoile i measc líon beag leabharlann ollscoile ar fud an domhain atá ag athrú a gcuid seirbhísí trí úsáid a bhaint as an eiseamláir cheannródaíoch soláthartha faisnéise seo. Mar chuid den tionscadal sin rinneadh athchóiriú iomlán ar an gcóras bainistithe stoic, cuireadh RFID i bhfeidhm chun dlús a chur faoin gcúrsaíocht leabhar, deis féinseirbhíse agus slándáil na n-ábhar a fheabhsú. Bhí an t-athchóiriú mar chuid de ghealltanas na Leabharlainne cur le heispéireas na mac léinn agus rinneadh é a phleanáil agus a chur i ngníomh i gcomhar le Rannán na bhFoirgneamh agus na nEastát.

- Cuireann Roinn na mBailiúchán Speisialta go mór leis an taighde agus an teagasc taighdebhunaithe san Ollscoil agus le saol oideachais, sóisialta agus cultúir na hÉireann agus réigiún na Sionainne go háirithe. Lean bailiúcháin ábhair stairiúil ar Luimneach agus an clár digitithe orthu ag fás i rith na bliana. D'éirigh leis an roinn maoiniú a fháil ón NDLR chun digitiú a dhéanamh ar leabhar ailtireachta ón ochtú céad déag a scríobh Luimníoch, leabhar atá thar a bheith deacair a fháil, "A General Treatise of Architecture: In Five Books" le John Aheron. Chlóbhuail John Butler an leabhar don údar ar Chnoc Chorcaí i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1754. I réimse na mbailiúchán speisialta, freisin, fuarthas maoiniú ó Chomhairle Oidhreachta na hÉireann, mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hÉireann, chun bailiúchán grianghraf theaghlach Armstrong ó Chaisleán Mhaigh Ailbhe i dTiobraid Árann a chur ar taispeáint.

- Cuireann an clár scileanna taighde a chuireann na leabharlannaithe dáimhe ar fáil gach bliain ar chumas na mac léinn eolas a fháil ar na hacmhainní eolais ar fad atá ar fáil dóibh, scileanna a shealbhú agus muinín a fhorbairt i dtaca lena n-úsáid. Mar chuid de chion na Leabharlainne i dtaca le tionchar taighde Ollscoil Luimnigh a threisiú, chuir an tSeirbhís Faisnéise lena cláir oiliúna i mbliana agus cuireadh raon ceardlann ar fáil ar bhonn píolótach i dtaca leis an leas is fearr a bhaint as an taighde a dhéantar. I measc ábhair an chúrsa bhí forléargas ar bhibliméadracht, méadracht san ISI Web of Science, lena n-áirítear cúinsí tionchair, ríomha i dtaca le comhlua agus innéacsaí h. Mar chuid de na ceardlanna, a ndearnadh freastal maith orthu agus a rabhthas an-dearfach ina leith, bhí plé ar roghanna eile seachas ISI maidir le rangú irisleabhar agus ar na saincheisteanna a bhaineann le saothar a chur ar fáil faoi rochtain oscailte i dtaiscí institiúidí. Forbrófar na ceardlanna sin tuilleadh sa chéad bhliain acadúil eile.

- Bunaíodh Taisce Institiúide Ollscoil Luimnigh (ULIR) sa bhliain 2008 ionas go mbeadh teacht ar aschur taighde na hOllscoile agus go bhfeabhsófaí cuntas teiste taighde na hOllscoile dá bharr. Méadaíodh líon na bhfoilseachán in ULIR i mbliana agus 700 foilseachán taighde de chuid Ollscoil Luimnigh san áireamh, ina measc ailt in iriseáin phiarmheasta, póstaeir agus páipéir chomhdhála, tráchtais agus tuairiscí agus breis is 550 earra cartlainne digití, rud a chuir ábhair a mbaineann tábhacht staire leo, cosúil le hábhar ón Ochtú Céad Déag a bhaineann le Luimneach, ar fáil go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, cuireadh tráchtais taighde Ollscoil Luimnigh, ábhar ar deacair teacht air de ghnáth, ar fáil ar Thairseach Ríomh-Thráchtas DART na hEorpa (DEEP).

- Reáchtáil an Leabharlann clár Piarchomhairleoirí Mac Léinn, go comhuaineach leis an gclár, Na Chéad Seacht Seachtaine, sa chéad seimeastar de 2010 agus d'éirigh thar barr leis. Ba é ról na bpiarchomhairleoirí cuidiú le mic léinn nua úsáid a bhaint as an leabharlann agus mic léinn a threorú chuig na seirbhísí cuí, cuir i gcás an Deasc Eolais, na Leabharlannaithe Dáimhe, áis tacaíochta na Leabharlainne i dtaca le leabhair a lua i scríbhinní, an mhír cheart de láithreán gréasáin na hOllscoile, agus mar sin de. De bhrí gur cuireadh ceisteanna orthu, freisin, faoi sheirbhísí eile, chuamar i gcomhairle chomh maith le ITD, Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, Rannóg na nGairmeacha, Seirbhísí na Mac Léinn, agus seirbhísí Teagaisc agus Foghlama, d'fhonn buneolas ar na seirbhísí sin a chur ar fáil do na piarchomhairleoirí. Bhí eolas maith ag na piarchomhairleoirí ar an ollscoil óir ba mhic léinn reatha nó iarmhic léinn de chuid Ollscoil Luimnigh iad go léir. Bhain líon an-ard mac léinn a bhí ag aistriú ón dara leibhéal chuig an tríú leibhéal úsáid as an tseirbhís sin.

- Mar chuid dá gealltanas maidir le seirbhísí a fhorbairt do léitheoirí agus rochtain ar na bailiúcháin a fheabhsú, sheol an Leabharlann inneall cuardaigh nua a chuireann ar chumas mac léinn agus comhaltaí foirne catalóga na Leabharlainne a chuardach chomh héasca céanna is a dhéanfaí cuardach ar an Idirlíon. Cuireann an tseirbhís Summon™, atá le fáil ar leathanach baile na leabharlainne, ar chumas úsáideoirí gach formáid – leabhair, ailt, nuachtáin, bunachair shonraí agus eile – a chuardach le haon bhosca cuardaigh amháin.

## Staidreamh LISD 2010/11

| Seirbhísí | | Bailiúcháin | |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí iomlána | 187,779 | Monagraif chatalógaithe | 326,149 |
| Iasachtaí ón mbailiúchán iasachtaí gearrthréimhseacha | 28,771 | Nithe breise a cuireadh leis an stoc i rith na tréimhse | 13,797 |
| Iasachtaí ó phointí féinseirbhíse | 115,804 | Ríomhleabhair | 224,416 |
| Cuairteanna ar an leabharlann | 927,793 | Iriseáin chlóite agus ríomh-iriseáin | 65,383 |
| Fiosruithe ar déileáladh leo ag an Deasc Eolais | 19,468 | Bunachair shonraí bhibleagrafacha & lántéacs | 193 |
| Seisiúin oiliúna ar scileanna faisnéise arna dtabhairt i ndaonuaireanta | 7,638 | Iasachtaí idirleabharlainne | 1,460 |



# ACMHAINNÍ DAONNA

Tá breis is 1,300 comhalta foirne in Ollscoil Luimnigh. Ar mhaithe leis an gcuspóir atá againn Ollscoil Luimnigh a fhorbairt agus a choimeád ina hionad teagaisc, foghlama agus léinn a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, tá de chuspóir ag an Roinn Acmhainní Daonna comhaltaí foirne den scoth a tharraingt i dtreo na hOllscoile, iad a spreagadh agus a choimeád agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre.

## Nithe tábhachtacha a cuireadh i gcrích

- Fógraíodh 75 comórtas earcaíochta.
- Reáchtáladh suirbhé ar fhostaithe i mí Eanáir 2011 agus d'fhreagair 60% de na fostaithe an suirbhé. Cuireadh torthaí an tsuirbhé ar fáil do gach uile fhostaí agus ullmhaíodh plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na rudaí ba mhó ba chás leis an bhfoireann.
- Chuir an Roinn Acmhainní Daonna cláir éagsúla san fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil arís in 2011: Reáchtáladh 134 clár oiliúna ar fad sa tréimhse atá i gceist agus bhí 1448 fostaí san iomlán i láthair ag na cláir sin.
- Tugadh tacaíocht airgid do 78 comhalta foirne ionas go bhféadfaidís páirt a ghlacadh i gcláir léinn fochéime, iarchéime agus dhochtúireachta; rinneadh é sin ar mhaithe le comhlíonadh bheartas na hOllscoile tacaíocht a thabhairt do na fostaithe agus iad ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Leanadh den Scéim Mheantóireachta; rinneadh 23 comhalta foirne breise, ó na ranna acadúla agus riaracháin araon, a mheaitseáil lena chéile. Reáchtáladh ceardlanna i rith na bliana, ar mhaithe leo siúd a bhí ag gabháil don Scéim Mheantóireachta. Tá 40 Meantóir oilte anois faoin scéim seo.
- Reáchtáladh Comhdháil dar teideal 'Women in Leadership' san áras ICO i mí an Mhárta chun cothrom 100 bliain Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh. Bhí de bhreis ar 120 rannpháirtí i láthair ag an gcomhdháil; orthu sin, bhí fostaithe de chuid na hOllscoile, comhaltaí de líonraí seachtracha, agus ionadaithe ó thionscadail phobail áitiúla. Ar na cainteoirí seachtracha a labhair, bhí an tOllamh Susan Vinnicombe, Ollamh le hIompraíocht Eagraíochtúil agus Bainistíocht na hIlchineálachta sa Cranfield School of Management, an Ríocht Aontaithe; Emily O'Reilly, Ombudsman; agus Mamo McDonald, iar-Uachtarán ar Bhantracht na Tuaithe agus Uachtarán Oinigh Age & Opportunity.
- Fuair Líonra Comhionannais Chumann Ollscoileanna na hÉireann cabhair airgid ó Aonad Príomhshruthúcháin an Údaráis Comhionannais; is faoi thionscnamh um thionscadail earnála chun comhionannas sa láthair oibre a chur chun cinn a fuarthas an cistiú sin. An tionscadal ríomhfhoghlama Living Equality & Diversity (LEAD) a raibh sé ollscoil in Éirinn páirteach ann: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil Luimnigh; agus Coláiste na Tríonóide. Ollscoil Luimnigh a bhí ina ceann feadhna ar an ngrúpa. Forbraíodh an clár i gcomhar le Aurion Learning i mBéal Feirste – cuideachta foghlama agus forbartha a bhfuil clú orthu agus gradaim buaite acu. Ba é aidhm an tionscadail ná sainchlár tosaigh sa ríomhfhoghlaim a chur ar bun ar bhonn píolótach agus na naoi bhforas idirdhealaithe faoin Reachtaíocht Chomhionannais in Éirinn a chuimsiú; rinneadh é seo mar chuid de chur chuige cumaisc chun an fhoireann trí chéile a thabhairt i ngleic le ceisteanna comhionannais. Toisc gur éirigh go maith leis an gclár ar bhonn píolótach, is gearr go gcuirfear ar fáil don fhoireann go léir é.
- Leanadh de na Cláir Forbartha Ceannaireachta le linn na tréimhse atá faoi bhreithniú anseo; tugadh isteach an dara Clár Forbartha Ceannaireachta Acadúla mar aon le Clár Forbartha Ceannaireachta i gcomhair bainisteoirí tacaíochta ar bhonn píolótach.
- Laghdú ar Phinsin Earnála Poiblí: cuireadh in iúl agus i bhfeidhm go héifeachtach an laghdú ar phinsin earnála poiblí i gcás 242 comhalta foirne a bhí ar scor i mí Eanáir 2011 i ndiaidh an Bhuiséid.

- An Buiséad agus an tAcht Airgeadais, 2011: Feidhmíodh athruithe ar na doiciméid phinsin chun deimhin a dhéanamh de go ndéanann gach fostaí, tar éis laghdú a bheith curtha ar an gciste pinsin uasta incheadaithe ar an dáta scoir chun críche cánach, dearbhú a chur i gcrích faoin dáta scoir ionas go bhfaighfear amach an bhféadfadh aon dliteanas a bheith ann i leith na cánach.
- An Tionscadal um Pinsin Iarchurtha Croíláir na bPinsinéirí: Feidhmíodh ar CoreLive an Tionscadal Pinsean Croíláir ionas gur féidir sochair iarchurtha phinsin a shocrú (fostaithe a d'fhág an Ollscoil sular feidhmíodh Core agus atá ag tuilleamh sochar faoi láthair.)
- Liúntais Inphinsin: Tionscadal pinsean croíláir faoinar féidir liúntais inphinsin a shocrú in CoreTest. Ag feitheamh ar fhaomhadh an Údaráis um Ard-Oideachas sula bhfeidhmeofar an tionscadal ar bhonn 'beo'.
- Spriocdháta mhí Feabhra 2012 maidir le dul ar scor: Déileáil le ceisteanna ón bhfoireann agus le hiarratais ar eolas tar éis síneadh ama go dtí an 29 Feabhra 2012 a bheith curtha leis an 'Tréimhse Chairde' (i.e. an tréimhse nuair nach ndéanann na laghduithe pá a cuireadh i bhfeidhm leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009 difear do ríomh na bpinsean seirbhíse poiblí.)
- Rinneadh 35 comórtas earcaíochta taighde a chur i gcrích i rith na tréimhse seo.
- Rinne Chumann Ollscoileanna na hÉireann ócáid um údarú oibre taighde a reáchtáil ar an gcampas; bhí a lán daoine i láthair ag an ócáid.
- Rinneadh obair mhaith ar an gCreat um Shlite Beatha agus Forbairt sa Taighde; reáchtáladh cruinniú comhairliúcháin do thaighdeoirí ina thaobh i mí Iúil.
- Glacadh le hOllscoil Luimnigh mar chuid den tríú cohórt de Straitéis Daonacmhainní an AE don Taighde. Tá an obair seo idir lámha anois.
- D'éirigh le hOllscoil Luimnigh cistí airgid AE a fháil faoi thionscadal FESTA. Baineann an tionscadal seo le hathruithe a chur ar thimpeallacht oibre na dtaighdeoirí acadúla, le huchtach a thabhairt do thaighdeoirí mná fanacht agus slí bheatha a dhéanamh dóibh féin san acadamh, agus le timpeallachtaí eagraíochtúla a chruthú ionas go ndéantar a gcuid oibre a mholadh agus a chothú.
- Cuireadh Bainistíocht Post i bhfeidhm chun na hinniúlachtaí tuairisciúcháin a fheabhsú agus chun gur féidir líon foirne agus buiséid na hOllscoile a bhainistiú.
- De bharr na bhfeabhsuithe a cuireadh ar thairseach féinseirbhíse na Roinne Acmhainní Daonna, tá feidhmiúlacht agus faisnéis bhreise ar fáil d'fhostaithe na hOllscoile.
- Cuireadh córas fleisc-ama ar fáil ar bhonn píolótach ar an gcampas trí thairseach féinseirbhíse na Roinne Acmhainní Daonna.
- D'éirigh leis an Roinn Acmhainní Daonna an creidiúnú ISO 9001 atá aici a choimeád.



# AN SAOL AR AN gCAMPAS

## An Bailiúchán Amharcealaíon

Le linn na tréimhse atá faoi chaibidil, cuireadh leis na bailiúcháin a bhaineann leis an mBailiúchán Amharcealaíon agus tháinig feabhas suntasach air dá thoradh sin. Ar na saothair nua a cuireadh le Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann, bhí saothair nua le Robert Ballagh, John Byrne, Charles Cullen, Joe Duggan, Brian King, Sean Lynch, Des MacMahon, Dermot Seymour agus Maighread Tobin. Mhéadaigh Cumann Uiscedhatha na hÉireann a chuid ballraíochta in 2011, agus tugadh ceithre shaothar nua d'Ollscoil Luimnigh – cuireadh iad sin leis na 177 ealaíontóir atá sa bhailiúchán reatha.

Arís eile in 2011, chuir Dánlann Bourn Vincent an amharcealaín agus cleachtais chomhaimseartha chun cinn i measc an phobail leis na taispeántais a reáchtáil sí i rith na bliana. Orthu sin, bhí:

- Cuireadh saothair bhreise le Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann.
- Journeys through Line and Colour – cíortar saol agus saothar daichead Ealaíontóir Mná as Éirinn sa 20ú Céad.
- Pond Life – saothar nua le Maurice Quillinan
- Life Room – saothair ó sheisiúin Drawing Thursday sa Scoil Ibeirneach Ríoga arna roghnú ag Mick O'Dea RHA agus Donald Teskey RHA
- Shots – íomhánna ó lionsaí Chumann Grianghrafadóireachta OL
- Artistry of the Kuna Indians – ó Bhailiúchán an Dr Patrick J Murphy faoi na hIndiaigh Kuna
- The Celtic Zoo – saothar le Tom Fitzgerald
- Pulse – chun Oíche Chultúir Luimnigh in 2011 a chomóradh, rinne Oifigeach Amharcealaíon na hOllscoile, Yvonne Davis, coimeád ár thaispeántas líníochtaí ó bhailiúchán ealaíne na hOllscoile. Bhí an taispeántas ina chúlra ag iarnóin agus tráthnóna de sheisiúin líníochtaí colainne a chuir Maeve McCarthy, Mick O'Dea agus Una Sealy – comhaltaí de chuid Acadamh Ibeirneach Ríoga – ar fáil.

## Seirbhísí Beatha Campais

Cuideachta champais is ea Ionad Campais Phleasaí (Seirbhísí Beatha Campais Tta) a bhunaigh Ollscoil Luimnigh i 1985 nuair ba é an Foras Náisiúnta um Ard-Oideachas (NIHE) an t-ainm a bhí ar an institiúid. Tuigeadh an tráth sin go gcaithfí, ar mhaithe le stádas ollscoile a bhaint amach, infheistíocht a dhéanamh in áiseanna do mhic léinn ionas go gcruthófaí timpeallacht bheo champais.

Is Ionad Campais Phleasaí an sásra trínarbh fhéidir leis an Ollscoil bonneagar sóisialta a fhorbairt; tá an bonneagar sin bunaithe ar éiteas féinchothabhálach a chothaíonn meon fiontraíochta agus dea-bhainistíocht airgeadais. Tá rún daingean ag Ionad Campais Phleasaí tacú le forbairt straitéiseach na hOllscoile trí thimpeallacht champais a fhorbairt agus go gcuirfear, dá thoradh sin, le heispéireas na mac léinn agus le saol geilleagrach, sóisialta agus cultúir an réigiúin.

Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí na cuideachta á gcur i láthair an tsaoil, baintear úsáid as an ainm branda Seirbhísí Beatha Campais / Campus Life Services de bhrí go dtacaíonn na gníomhaíochtaí sin le beatha an champais agus le heispéireas na mac léinn.

## Tacaíocht d'Eispéireas na Mac Léinn

Tá Seirbhísí Beatha Campais tar éis os cionn 2,400 seomra a thógáil i gcúig bhaile cónaithe do mhic léinn, agus a leagan amach féin agus a thimpeallacht mhaireachtála féin ag gach aon bhaile díobh sin. Sna bailte cónaithe seo, bíonn deis ag mic léinn na hOllscoile maireachtáil i bpobal bríomhar agus cuireann sé sin go mór le heispéireas na mac léinn trí chéile san Ollscoil.

Déanann Seirbhísí Beatha Campais infheistíocht i scoláireachtaí gach aon bhliain agus bíonn sparánachtaí lóistín ar fáil dá bharr sin do mhic léinn bhunchéime agus iarchéime. In 2011, d'infheistigh sé in 12 scoláire, ar a n-áirítear dhá scoláireacht spóirt lena ndéantar comóradh ar bheirt chomhaltaí foirne atá ar shlí na fírinne anois agus a rinne obair mhór ar son fhorbairt an spóirt san Ollscoil – Jacinta O'Brien, a bhíodh ina hOifigeach Forbartha Spóirt, agus an tOllamh Michael Hillary, iar-Dhéan Dhámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta, a d'oibrigh go deonach ar mhaithe leis an lúthchleasaíocht.

Agus iad ag obair i gcomhar leis an Ollscoil féin agus le hAontas na Mac Léinn, tá forbairt déanta ag Seirbhísí Beatha Campais ar áiseanna miondíola agus tráchtála ionas go bhfuil Ionad bríomhar Mac Léinn anois againn agus é i gcroílár an tsaoil shóisialta ar an gcampas. Is é Ionad na Mac Léinn anois croílár sóisialta an champais, mar a gcruinníonn mic léinn lena chéile; is ann atá Aontas na Mac Léinn, Clubanna agus Cumainn na Mac Léinn, an Áit Mharana, bainc, siopaí agus beáir/bialanna na gclubanna. Nuair a bunaíodh Margadh Feirme san Ionad, cuireadh brí nua leis an Ionad – cuireadh beocht bhreise ann agus trádálaithe ón réigiún mórthimpeall i láthair uair sa tseachtain ann agus ag gcuid glasraí agus torthaí á ndíol acu.

## Cion na hOllscoile ar son an Réigiúin

Déanann Seirbhísí Beatha Campais an campas a chur chun cinn go gníomhach i rith mhíonna an tsamhraidh i gcomhair comhdhálacha, imeachtaí spóirt agus scoileanna samhraidh; gintear ioncam breise dá réir ó lóistín agus lónadóireacht agus méadaítear cion na hOllscoile ar son gheilleagar an réigiúin agus na tíre dá thoradh sin.

## Campas a Thógáil le haghaidh Ollscoil Nua-aimseartha

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag Ionad Campais Phleasaí i dtaca forbairt fhisiciúil na hOllscoile – leis an bpleanáil airgeadais agus an comhlíonadh dlíthiúil riachtanach a chuireann sé i gcrích, tacaíonn sé le tionscadail chaipitil an champais. Dá bharr seo, tá bonneagar an champais curtha chun cinn go mór agus ar luas atá ag teastáil chun gur féidir leis an Ollscoil méadú.

## Forbairtí tábhachtacha a cuireadh i gcrích

- Áras Uí Thiarnaigh
- Páirceanna imeartha agus pailliún an Champais Thuaidh
- An Scoil Leighis Iontrála Iarchéime
- Árais chónaithe Scoil an Leighis (100 seomra)
- Athchóiriú áras cónaithe

# Spórt agus Áineas

An-bhliain a bhí ann ar Champas Spóirt na hÉireann agus iliomad ócáidí spóirt den scoth ar siúl – craobhchomórtais idir-ollscoile sa lúthchleasaíocht, boghdóireacht, cispheil, sárfhriosbaí, sacar na bhfear agus pionsóireacht. Is in Airéine na hOllscoile atá an chéad Ionad Ardfheidhmíochta atá ag Cumann Snámha na hÉireann agus é á rith ag an gcóitseálaí lánaimseartha, Ronald Claes. Tá an tIonad Ardfheidhmíochta i Luimneach tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an snámh in Éirinn le ceithre bliana anuas. Snámhaithe ón Ionad Ardfheidhmíochta san Ollscoil ba ea 35% de na snámhaithe i Scuad Idirnáisiúnta na hÉireann ó Chluichí Oilimpeacha Bhéising in 2008 i leith. In 2011, cháiligh Gráinne Murphy do na Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012 agus bhuaigh sí boinn Eorpacha roimhe sin arís in 2010 agus 2009. Ba ag Chris Bryan a bhí an toradh ab fhearr ag Éireannach ar bith ag Craobh an Domhain ó 1994 i leith nuair a fuair sé an 8ú háit sa rás 5km in Shang-hai in 2011. Tháinig ardú ó 58 in 2008 go 35 in 2011 ar Mheanrangú Domhanda shnámhaithe Luimnigh agus tá 86 curiarracht nua bainte amach le ceithre bliana anuas ag ochtar snámhaithe éagsúla atá ag traenáil san Ionad Ardfheidhmíochta i Luimneach. Sa lúthchleasaíocht, cháiligh céimí dár gcuid, Colin Griffin, don rás siúil 50km sna Cluichí Oilimpeacha i Londain, 2012; agus an tuarascáil seo á cur i gcló, táimid ag súil go n-éireoidh le 3-4 mhac léinn de chuid na hOllscoile cáiliú do chluichí raoin is faiche.

Cuspóir de chuid chlár áineasa na hOllscoile is ea an oiread agus is féidir de phobal na hOllscoile a spreagadh chun nósanna maireachtála sláintiúla a ghlacadh; déantar sin trí ranganna de chineálacha éagsúla a chur ar fáil a oirfidh do gach leibhéal cumais agus do spéiseanna éagsúla.

Ceann de bhuaicphointí na bliana ag an Roinn Spóirt ba ea reáchtáil na gCluichí Oilimpeacha Speisialta Náisiúnta i mí an Mheithimh, 2010. I rith na gcluichí, tháinig 2,100 lúthchleasaí agus oifigeach, 10,000 oibrí deonach agus 4,000 duine muinteartha, cara agus cuairteoir chuig cathair agus réigiún Luimnigh. Féile iontach comórtas a bhí ann agus 11 spórt ar leith ar bun, agus 7 gcinn díobh sin ar siúl anseo ar champas na hOllscoile; ar an gcampas leis a bhí na lúthchleasaithe agus na hoifigigh go léir ag cur fúthu le linn na gcluichí.

Bíonn an Roinn Spóirt ag oibriú agus ag athrú de shíor ar mhaithe le gach aon duine a roghnaíonn Ollscoil Luimnigh mar lárionad áineasa ionas go ndéanfar freastal cuí orthu ó thaobh cúrsaí spóirt de. San Ollscoil anois tá áiseanna spóirt den chéad scoth, ar a n-áirítear Airéine ilchuspóireach na hOllscoile, linn snámha 50m, teach bád – áit a bhfuil an chéad umar rámhaíochta faoi dhíon in Éirinn, na páirceanna uile-aimsire – agus go hard os cionn leathmhilliún cuairt sa bhliain. Dá thoradh sin ar fad, tá Ollscoil Luimnigh ar an lárionad spóirt is mó le rá in Éirinn anois.

# STAIDREAMH I DTAOBH CÉIMITHE, 2010

| **Bunchéimeanna de chuid OL – Iomlán** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 45% |
| Fostaithe thar lear | 13% |
| Staidéar breise | 27% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 5% |
| Ag lorg fostaíochta | 10% |
| Líon céimithe | 1,628 |
| Ráta freagartha | 82% |

| **Cláir Oideachais Múinteoirí** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 69% |
| Fostaithe thar lear | 13% |
| Staidéar breise | 9% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 3% |
| Ag lorg fostaíochta | 7% |
| Líon céimithe | 241 |
| Ráta freagartha | 80% |

| **Gach Dioplóma Iarchéime** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 67% |
| Fostaithe thar lear | 9% |
| Staidéar nó oiliúint bhreise | 11% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 2% |
| Ag lorg fostaíochta | 11% |
| Líon céimithe | 169 |
| Ráta freagartha | 79% |

| **Gach Clár Máistreachta Múinte** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 58% |
| Fostaithe thar lear | 13% |
| Staidéar nó oiliúint bhreise | 9% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 5% |
| Ag lorg fostaíochta | 15% |
| Líon céimithe | 628 |
| Ráta freagartha | 79% |

| **Gach Clár Máistreachta Taighde** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 73% |
| Fostaithe thar lear | 18% |
| Staidéar nó oiliúint bhreise | 5% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 0% |
| Ag lorg fostaíochta | 4% |
| Líon céimithe | 29 |
| Ráta freagartha | 76% |

| **Gach PhD** | |
|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 75% |
| Fostaithe thar lear | 19% |
| Staidéar nó oiliúint bhreise | 0% |
| Níl ar fáil le haghaidh fostaíochta | 0% |
| Ag lorg fostaíochta | 6% |
| Líon céimithe | 95 |
| Ráta freagartha | 73% |

# FONDÚIREACHT OLLSCOIL LUIMNIGH

Bunaíodh Fondúireacht Ollscoil Luimnigh i 1989 d'fhonn ceannaireacht agus cistiú idirnáisiúnta a chur ar fáil d'fhonn an Ollscoil a chur chun cinn. Tá de bhreis ar €150 milliún bailithe ag an bhFondúireacht ar mhaithe le forbairt na hOllscoile. Bhí siad seo a leanas ar chuid de na himeachtaí ba thábhachtaí a raibh baint ag an bhFondúireacht leo le bliain anuas:

### Sheol an tUachtarán Bill Clinton Ollúnacht McCourt sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach i Nua-Eabhrac

Ar an 9 Márta, reáchtáladh dinnéar i mBialann an Water Club, Nua-Eabhrac, leis an Uachtarán Bill Clinton chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhlaithiúlacht na ndaoine a thug síntiúis d'Ollúnacht McCourt.

Tá Ollúnacht Frank McCourt sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach, ina mbeidh béim faoi leith ar sheánra na gCuimhní Cinn, á cruthú ag Fondúireacht Ollscoil Luimnigh i gcomhar le heagraíocht The Ireland Funds.

Mhol an tUachtarán Bill Clinton an t-údar mórdhíola as Luimneach, Frank McCourt; thug daonchairde mór le rá as Éirinn agus as Meiriceá ómós dó i ndiaidh a bháis i Nua-Eabhrac an tseachtain sin.

Bhí pearsana tábhachtacha i saol na litríochta, ar a n-áirítear Billy Collins, Tom Cahill, Colum McCann, Rose Styron, agus Pete Hamill, ansin i bhfochair bhaintreach Frank, Ellen, agus a dheartháireacha, Malachy agus Alfie, don tráthnóna ómóis i Nua-Eabhrac chun an scríbhneoir seo a raibh gean agus meas air a thabhairt chun cuimhne agus a chomóradh.

### Fondúireacht Ollscoil Luimnigh faoi bhrón ag bás an Dr Gordon Holmes

Baineadh siar as stiúrthóirí agus foireann Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh nuair a chuala siad an scéala gur cailleadh an Dr Gordon Holmes – cara, crann taca agus comhghleacaí dá gcuid.

Bhí an Dr Holmes ar dhuine de bhunaitheoirí Holmes O'Malley Sexton i 1970; bhí sé ina Chomhpháirtí Bainistíochta (go 2000) agus ina Chathaoirleach ar an gcuideachta. Ba é an tAturnae Stáit do Chathair Luimnigh é idir 1969 agus 1980 agus is iomaí post rialtais eile a bhí aige freisin, ar a n-áirítear post an Aturnae don Ard-Aighne. Is iomaí ról gairmiúil a bhí aige i gcaitheamh na mblianta; orthu sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Cheadúnú Deochanna Meisciúla, ar an mBord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána, agus ina Chathaoirleach ar an mBord Parúil.

Bhí an Dr Holmes ina Chomhalta de Bhord Fhondúireacht na hOllscoile ó 1990 i leith agus chaith sé seal ina Chathaoirleach ar an bhFondúireacht. Bhí an-bhaint aige leis an lucht gnó áitiúil a ghríosú le tacaíocht a thabhairt don Ollscoil i gcaitheamh na mblianta agus bhí dlúthbhaint aige le cistí a bhailiú do Scoil Ghnó Kemmy agus do Leabharlann Glucksman. Thug Holmes O'Malley Sexton tacaíocht fhial leis don Fhondúireacht agus don Ollscoil trí Scoláireachtaí Dearlaicthe Holmes O'Malley Sexton, trí Chumann Phleasaí, agus trí thionscnaimh eile. I gcaitheamh na mblianta, bhí sé ina chrann taca láidir ag Ollscoil Luimnigh. Tugadh aitheantas in 2005 don Dr Gordon Holmes agus an obair éachtach a rinne sé ar mhaithe le pobal na hÉireann nuair a bhronn an Ollscoil Dochtúireacht Oinigh sa Dlí air.

### Fáilte Curtha roimh Bheirt Stiúrthóirí Nua ar Bhord na Fondúireachta

Cuireadh fáilte roimh bheirt stiúrthóirí nua ar Bhord na Fondúireachta – Ralph Parkes agus Paul O'Connell.

Tá an fear gnó as Luimneach, Ralph Parkes, ina Chomhpháirtí Bunaitheach Teoranta & ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin in Kernel Capital agus is é Úinéir & Stiúrthóir Bainistíochta Parkes Properties é. In 2008, bronnadh gradam Dhaonchara Áitiúil na Bliana ar Ralph.

Is Luimníoch é an t-imreoir cáiliúil rugbaí de chuid na hÉireann agus na Mumhan, Paul O'Connell. Agus é ina óige, d'imir Paul do chlub Young Munster agus ina dhiaidh sin do Chúige Mumhan, d'Éirinn agus do na Leoin. D'imir sé a chéad chluiche d'Éirinn in aghaidh na Breataine Bige i gComórtas na Sé Náisiún in 2002, agus scóráil sé úd sa chluiche sin. Ba é Paul captaen Leoin na Breataine agus na hÉireann dá gcamchuairt ar an Afraic Theas in 2009.

### Dinnéar Fleáchais an Uachtaráin

Ar an 13 Bealtaine, reáchtáladh Dinnéar Fleáchais bliantúil an Uachtaráin i gCaisleán Dhrom Ólainn. Fondúireacht Ollscoil Luimnigh a d'eagraigh an dinnéar, agus ba é an téama a bhain leis ná Luimneach mar "Chathair Eorpach an Spóirt, 2011" agus an bhéim ar an spórt mar rud uilechuimsitheach. Bailíodh níos mó ná €70,000 ón ócáid, agus cuireadh an ciste airgid chun sochair do thrí thionscadal de chuid na hOllscoile: bhain an chéad tionscadal leis an spórt a thabhairt isteach sna ceantair athnuachana i Luimneach agus uchtach a thabhairt do dhaoine fásta agus do pháistí araon sna háiteanna sin páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt; ba é aidhm an dara tionscadal pobal leathan daoine a thabhairt ar an gcampas chun páirt a ghlacadh i spóirt agus iad a spreagadh ionas go mbraithfidís ceangal leis an Ollscoil; díríodh sa tríú tionscadal ar lúthchleasaithe éilíte – go háirithe na snámhaithe éilíte ar an gcampas atá san Ionad Ardfheidhmíochta san Ollscoil.

Bhí roinnt pearsana agus lúthchleasaithe cáiliúla i láthair ag an ócáid; orthu sin, bhí an Dr Ronnie Delany (an chéad lúthchleasaí a bhuaigh bonn óir Oilimpeach ar son na hÉireann); Gráinne Murphy (snámhaí de chuid an Ionaid Ardfheidhmíochta a bhfuil bonn airgid Eorpach buaite aici); Keith Wood (iarimreoir rugbaí idirnáisiúnta); Tony Ward (iarimreoir rugbaí idirnáisiúnta) agus Emily Hurley (lúthchleasaí sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta). Bhí Neil Campbell, Stephen King agus Scott Kinevane ó fhoireann cispheile UL Eagles i láthair mar aon le hÉamonn Cregan (Bainisteoir agus iarimreoir iománaíochta); Eddie Keher (Bainisteoir agus iarimreoir iománaíochta); Ogie Moran (Bainisteoir CLG agus iarimreoir le Ciarraí); Kieran Donaghy (CLG – bonn Uile-Éireann buaite le Ciarraí aige); Darren O'Sullivan (CLG – bonn Uile-Éireann buaite le Ciarraí aige agus ina chaptaen ar Chiarraí); Liam Sheedy (a bhíodh ina iománaí agus ina bhainisteoir ar Thiobraid Árann) agus Eoin Kelly (iománaí le Tiobraid Árann).

### Scoláireacht Analog Devices agus Bonn Hank Krabbe

Tugadh aitheantas do bheirt mhac léinn de chuid na hOllscoile as a gcuid éachtaí acadúla san Innealtóireacht Leictreonach & Ríomhaireachta. Bronnadh Scoláireacht Analog Devices ar mhac léinn ón tSín, Fei He, atá ag críochnú céim B.Eng. in Computer Engineering de bhrí gurb é a bhain amach na torthaí scrúdaithe ab fhearr sa chéad bhliain. Bronnadh scoláireacht ar luach €7,000 air.

Mac léinn eile ar tugadh aitheantas dó ba ea John Guiry, as Port Láirge; bronnadh bonn Hank Krabbe airsean mar aon le seic ar luach €5,000 de bharr na dtorthaí scrúdaithe a fuair sé sa bhliain deiridh.

Analog Devices a bhunaigh Bonn Hank Krabbe trí thabhartas a thug siad d'Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh; is i gcuimhne ar Hank Krabbe, an Stiúrthóir Bainistíochta a bhunaigh Analog Devices, atá an bonn.

### Comhdháil The Ireland Funds, 2011

Tháinig os cionn 120 toscaire ó thíortha ar fud an domhain go dtí an Ollscoil ag deireadh an Mheithimh mar chuid dá gComhdháil Bhliantúil in 2011. Tugadh deis do na cuairteoirí eolas a fháil ar chuid de na tionscadail agus na gníomhaíochtaí atá ar siúl ar an gcampas. Cuireadh tionscadal Class of 2014, atá á riaradh ag an Oifig Rochtana san Ollscoil, ina láthair. Sa tionscadal seo, oibrítear le daltaí ó Scoil St Enda i Luimneach ó thús deireadh a gcuid meánoideachais; cuirtear dian-idirghabhálacha leanúnacha i gcrích, ar a n-áirítear tacaíocht sa scoil féin, gníomhaíochtaí tar éis scoile, agus cláir shamhraidh. Is é aidhm an tionscadail na rátaí coinneála agus gnóthachtála i measc na ndaltaí a mhéadú ionas go rachaidh tuilleadh díobh chuig institiúidí ardoideachais agus breisoideachais.

Tugadh eolas freisin do na toscairí i dtaobh obair Ionad Taighde na Sinsearachta Éireannaí (I-ARC) – eagraíocht neamhspleách, neamhbhrabúis a bhunaigh an toscaire ón American Ireland Fund, Pauline Ryan. In Áras Uí Thiarnaigh ar an gcampas atá I-ARC lonnaithe, agus de chuspóir aige a bheith ar an ionad barr feabhais is tábhachtaí in Éirinn i gcomhair eolas agus seirbhísí a bhaineann le taighde ginealaigh.

# FORBAIRT AN CHAMPAIS

## Tionscadail Chaipitil

- Leanadh den obair i rith na bliana ar Áras na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime agus ar na hárais chónaithe do mhic léinn. Mar sin féin, chuaigh an conraitheoir a bhí ceaptha don obair faoi ghlacadóireacht i mí an Aibreáin 2011. Tá conraitheoir nua ceaptha anois agus tá tús curtha leis an obair an athuair; ceaptar go mbeidh bailchríoch ar an obair faoi thús na bliana acadúla 2012-2013.
- Ar an gCampas Thuaidh, leanadh den obair ar ullmhú ceithre cinn de pháirceanna imeartha uile-aimsire, do na cluichí Gaelacha, rugbaí agus sacar; páirceanna nua-aimseartha den scoth is ea iad seo agus cuireadh bailchríoch ar an obair i rith na tréimhse atá faoi chaibidil anseo. Cuirfear bailchríoch, faoi mhí na Nollag 2011, ar phailliún ina mbeidh seomraí feistis, seomraí cóitseála, beár, agus neart áiseanna páirceála.
- Cuireadh bailchríoch i mí Lúnasa 2011, ar Áras Uí Thiarnaigh; tá Lero agus Ionad na nGnóthas Tionsclaíoch (Nexus) faoi aon díon amháin anois san áras nua.
- Tá an chuid lárnach d'Áras na Roinne Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt le leagan agus le hathfhorbairt; sa chuid nua beidh halla spóirt, léachtlann, seomra seimineáir, ríomhlann, dhá sheomra feistis, mar aon le oifigí don lucht teagaisc, oifigí riaracháin agus oifigí taighde. Cuirfear ceaintín ar fáil leis. Ceaptar go mbeidh bailchríoch ar an obair faoi thús na bliana acadúla 2012-2013.

## Tionscadail atá ag Céim na Pleanála

- Tá tús curtha leis an dearadh ar an síneadh circa 2,600$m^2$ atá le cur leis an Institiúid Ábhar agus Eolaíochta Dromchla.
- Tá comhfhiontar á phleanáil i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun Ionad Oideachais agus Taighde Chliniciúil a thógáil in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair. Déanfar cúram san Ionad d'oideachas cliniciúil mhic léinn leighis Ollscoil Luimnigh i suíomh ospidéil agus beidh áiseanna leabharlainne, taighde agus comhdhála ann do mhic léinn agus do chleachtóirí san ospidéal.



UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH